Waterford City Council

Tuarascail Bhliantuil 05

CLÁR ÁBHAR

Réamhrá an Mhéara 1

Ráiteas ó Bhainisteoir na Cathrach 2

Chomhairle Cathrach Phort Láirge 3

Príomhoifigigh 4

Comhaltaí Chomhairle Cathrach Phort Láirge 5

Tithíocht agus Cúrsaí Corparáideacha ***6***

Tithíocht 7

Bainistiú Maoin Sealbhais 9

Cothromas & Éagsúlacht 10

Acmhainní Daonna 11

Seirbhísí Corparáideacha 13

Longa Airde 14

Córais Eolais 17

Bóithre, Iompar agus Bonneagar ***19***

Iompar 19

Mótarcháin 21

Seirbhísí Uisce 22

Pleanáil agus Timpeallacht ***23***

Cosaint Timpeallachta 25

Seirbhís Dóiteáin na Cathrach 27

Cosaint Shibhialta 28

Pobal agus Fiontar ***29***

Cartlanna & Bainistíocht Taifid 30

Na hEalaíona 31

Fóillíocht agus Taitneamhacht 32

Seirbhís Leabharlainne Chomhairle Cathrach Phort Láirge 33

Seirbhísí Airgeadais ***35***

Aguisín ***36***

RÉAMHRÁ AN MHÉARA

Mar mhéara Phort Láirge is cúis mhór shásaimh dom tuarascáil bhliantúil 2005 a chur i bhur láthair agus an deis seo a thapú chun machnamh a dhéanamh ar dhúshláin agus ar dheiseanna na bliana.

Is cúis ríméid dom a fheiceáil go bhfuil 6.6km de bhealach an Chuarbhóthair Amuigh agus Bhóthar Charraig Phiarais oscailte, go bhfuil na hoibriúcháin ag Lána Maypark agus ag Cnoc John críochnaithe agus go bhfuil lamháltóir leis an PPP fógartha chun Seachród Chathair Phort Láirge a dhearadh, a thógáil agus a fheidhmiú, go bhfuil comhairleoirí ceaptha chun tuarascáil a ullmhú faoi Bhealaí Glasa ar an N25 agus ar Bhóthar Dúin Mhóir, go bhfuil go leor tionscadail tithíochta tugtha chun críche agus go bhfuil obair leanúnach á dhéanamh ar thionscadail Athnuachana Uirbí.

De réir mar a leanann an pháirtíocht idir na Baill Tofa, an Bainisteoir agus an feidhmeannas ar aghaidh tá mé muiníneach go dtabharfaidh Cathair Phort Láirge aghaidh ar na dúshláin a thagann chun cinn, rud a chinnteoidh go rachaidh Cathair Phort Láirge chun cinn ar bhonn leanúnach agus go gcuirfidh sí i ngníomh an poitéinseal iomlán atá aici mar thairseach don limistéar uirbeach is mó i Réigiún an Oirdheiscirt.

Mar fhocal scoir ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le mo chomhghleacaithe ar Chomhairle Cathrach Phort Láirge as ucht an chomhoibrithe agus na tacaíochta a thug siad dom. Ba mhaith liom a rá go bhfuil mé faoi chomaoin an Bhainisteoir Cathrach agus na bhfostaithe as ucht a gcuid dúthrachta agus an obair a chuir siad isteach agus a rá nach raibh go leor dá bhfuil bainte amach sa chathair i rith na bliana déanta dá huireasa.



RÁITEAS Ó BHAINISTEOIR NA CATHRACH

Is mór an sásamh domsa na tionscadail thábhachtacha agus na forbairtí móra a rinne Comhairle Cathrach Phort Láirge stiúradh orthu i 2005 a chur ar taifead.

- Oscailt 6.6km bealach an Chuarbhóthair Amuigh ag nascadh Bóthar Bhaile Liam le Bóthar Chorcaigh.
- Cur chun cinn Chathair Phort Láirge trí bheith in óstach ag Rás na Long Airde 2005.
- Seachród Chathair Phort Láirge a chur ar aghaidh ar bhonn leanúnach
- Scéimeanna tithíochta a thabhairt chun críche ag Beairic Mhíleata, Cúirt Crystal, Ardán Naomh Anne agus Scéimeanna Obair Fheabhais
- Oscailt Bhóthar Charraig Phiarais
- Cuimsitheacht Shóisialta leabaithe in obair uile na Comhairle Cathrach
- Ráiteas Barcelona á chur i bhfeidhm ar bhonn leanúnach
- Cur i bhfeidhm Phleananna Limistéar an Bhaile Bhig agus Charraig an Aird/Chill Bharra agus Larchville Lios Dúgáin a bhrú ar aghaidh
- Tionscadail Athnuachana Uirbí ag Sráid Michael, Broad Street, Lána Arundel, agus Greyfriars
- Síneadh a chur le ICT chun Fíneálacha Tráchta, Muirir Thráchta, Muirir Dhóiteáin, Iasachtaí, Cíosanna agus Uisce Tráchtála a chuimsiú.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis an Méara, leis an Iarmhéara agus le Baill uile na Comhairle as an taca a thugadar i rith na bliana.

WATERFORD CITY COUNCIL

CRUINNITHE COMHAIRLE

Tá cúig chomhalta déag ar Chomhairle Cathrach Phort Láirge - ceathrar chomhalta i limistéar toghchánach 1, cúigear i limistéar toghchánach 2 agus seisear i limistéar toghchánach 3. Rinneadh leasú ar Bhuanorduithe i mí Aibreán 2005. Tionóladh cruinnithe den Chomhairle ar an gcéad Luan de gach mí (cé is moite Lúnasa tráth nach dtionólfar cruinniú) i Seomra na Comhairle, Halla na Cathrach. Tionóladh cruinnithe limistéir ar an tríú Luan de gach dara mí ag tosú i mBealtaine 2005.

GRÚPA POLASAÍ CHORPARÁIDIGH (GPC)

Coiste de chuid na Comhairle is ea an GPC arb iad cathaoirleach na Comhairle agus cathaoirligh gach ceann de na Coistí Polasaí Straitéisigh (CPS) na baill. Déanann an GPC comhordú ar obair na CPSanna difriúla agus cuireann ar fáil fóram ina n-aontaíter faoi pholasaithe a mbíonn tionchar acu ar an gComhairle iomlán sula gcuirtear faoi bhráid na Comhairle iomláine iad; is í an Chomhairle ina hiomláine a choinníonn faoina cúram an fhreagracht maidir le cinneadh a dhéanamh. Déanann an GPC faireachán freisin ar fheidhmiú an údaráis áitiúil agus bíonn ról tábhachtach aige in ullmhúchán an bhuiséid.

COISTÍ POLASAÍ STRAITÉISIGH (CPS)

Baill tofa agus ionadaithe earnála atá sna cúig CPSanna, iad ag oibriú le chéile i gcóras daonlathach ina bhfuil an rannpháirteachas in uachtar níos mó ná mar is gnáth, rud a chuireann fócas polasaí níos éifeachtúla ar fáil maidir leis na feidhmeanna agus na gníomhaíochtaí a chuireann Comhairle Cathrach Phort Láirge i ngnímh. Tugann Stiúrthóir Seirbhíse tacaíocht do gach CPS ina chuid oibre.

PRÍOMHOIFIGIGH

- **C.MURRAY** - Bainisteoir na Cathrach·

STIÚÍRTHÓIRÍ SEIRBHÍSÍ

- P.POWER - Tithíocht agus Cúrsaí Corparáideacha
- M.WALSH - Pleanáil agus Comhshaol
- L.POWER - Iompar agus Bonneagar
- C.BYRNE - Pobal agus Fiontraíocht
- J.MURPHY - Ceann Airgeadais

PRÍOMHOIFIGIGH SHINSEAREACHA

- J.SULLIVAN - Tithíocht
- E.RUANE - Acmhainní Daonna
- F.GALVIN - Iompar agus Bonneagar
- B. DUGGAN - Pobal agus Fiontar
- A.MCELROY - Ceann Córais Eolais
- B.O.KANE - Cuntasóir Bainistíocht Airgeadais

INNEALTÓIRÍ SINSEARACHA

- R.MANNIX - Iompar agus Bonneagar
- F.ROCHE - Iompar agus Bonneagar

PLEANÁLAÍ SINSEARACH

- J. ANDREWS - Pleanáil agus Comhshaol

AILTIRE SINSEARACH

- R. MADDOCK - Tithíocht agus Cúrsaí Corparáideacha

FOSTAITHE A D'ÉIRIGH AS I 2005

ALAN FLYNN – Oibrí Ginearálta
JIM BOWE- Oibrí Ginearálta
TOM PARSONS – Péintéir
WILLIE CARROLL – Póirtéir
PATRICK WHITTLE – Pluiméir
CON CULLEN – Cosaint Shibhialta

FOIREANN NUA-AINMNITHE SA BHLIAIN 2005

EDWARD DELAHANTY – Ailtire Feidhmeannach
CLAIRE HARTLEY – Oifigeach Riaracháin
HONOR DUNPHY – Oifigeach Riaracháin
PAUL KELLY – Oifigeach Riaracháin
BILLY DUGGAN – Príomhoifigeach Sinsearach
EAMON LONERGAN – Innealtóir Feidhmeannach
SIOBHAN STEWART – Pleaneálaí Feidhmeannach
RAY MANNIX - Innealtóir Sinsearach
MICHELLE DALY – Oifigeach Cléireach
CLAIRE LOUGHNANE – Oifigeach Cléireach
MICHAEL NOLAN – Pluiméir
COLIN TROY – Pluiméir
SEAMUS QUILTY – Maoirseoir Draenála Cúnta
KATE WALL – Coimeádaí Gabhainn
MICHAEL LONERGAN – Maor Madra
PAUL A FLYNN – Maor Bruscair
WAYNE FLEMING – Maor Trách ta

FOSTAITHE TIONSCADAIL CEAPTHA 2005- IOMPAR AGUS BONNEAGAR

MICHAEL THORNE - Innealtóir Cónaitheach Sinsearach
FRANCIS MCGOWAN - Cléireach Oibre
PAUL FLYNN - Innealtóir Cónaitheach
DAVID O CONNOR -Innealtóir Cónaitheach
BRENDAN KIDNEY – Innealtóir Cónaitheach Cúnta
JOSEPH FURLONG – Innealtóir Cónaitheach Cúnta

FIR DHÓITEÁIN – CÓRAS 4 SHEAL OIBRE

KEITH HAYES
NIALL ROONEY
ANN MARIE HARTERY
DON LALOR
ROY COLLINS
JOHN HARTE
MICHAEL MALONE
JOHN DUNPHY
ROSS SKELLY
ROBERT RAINSBURY
WARREN FLANAGAN

BAILL CHOMHAIRLE CATHRACH PHORT LÁIRGE

Limistéar Toghchánach Uimhir 1

Cllr. Hilary Quinlan

Cllr. Pat Hayes

Cllr. J. Kelly

Cllr. Davy Walsh

Limistéar Toghchánach Uimhir 2

Cllr. David Daniels

Cllr. Mary Roche


Cllr. Jack Walsh

Cllr. Tom Cunningham

Cllr. J D'Arcy

Limistéar Toghchánach Uimhir 3

Cllr. John Halligan

Cllr. David Cullinane

Cllr. Seamus Ryan

Cllr. Tom Murphy

Cllr. Laurence O'Neill

Cllr. Mary O'Halloran

Tithíocht agus Cúsraí Corpáideacha

TITHÍOCHT AGUS CÚRSAÍ CORPARÁIDEACHA

Is é mórchuspóir na Roinne Tithíochta cinnte a dhéanamh de go bhfuil teacht ag gach teaghlach ar thithíocht d'ardchaighdeán a bhfuil sé in acmhainn cónaí ann, atá oiriúnach do riachtanais an teaghlaigh, atá suite i timpeallacht maith agus chomh fada agus is féidir tionacht uirthi de réir rogha an teaghlaigh.

CLÁR CAIPITIL TITHÍOCHTA

Scéim	Líon na dtithe	Stádas
Beairic Mhíleata	25	Críochnaithe i rith na bliana 2005
An Bóthar Gearmánach Céim	39	Críochnaithe i rith na bliana 2005
Ardán Naomh Anne	5	Críochnaithe i rith na bliana 2005
An Bóthar Gearmánach Céim 2	15	Obair thógála tosaithe sa bhliain 2005
Líonadh isteach Chill Chuacháin	14	Ar siúl 2005
Líonadh-isteach Lios Dúgáin	5	Tosaithe 2005
Bóthar Morrisson	11	Tosaithe 2005
Ascaill Naomh Mháirtín	7	Tosaithe 2005
Sráid Green Cearnóg Newport	3	Tosaithe 2005
Carraig Phiarais Céim 1	74	Tosaithe 2005
Éadálacha	18	Ar siúl 2005
Baile Gunnair	75	Ar siúl 2005
Carraig Phiarais Uachtar Ionad líonta talún Pháirc	75	Faoi phleanáil 2005
Airde Móire Larchville	21	Faoi Phleanáil 2005
Grúpthithíocht	7	Faoi phleanáil 2005
Nasc Bhaile Throcail/ Chill Chuacháin	6	Faoi phleanáil 2005

SCÉIMEANNA TITHÍOCHT AR PHRAGHAS RÉASÚNTA

Baile Gunnair	50	Ar siúl 2005
Bóthar Charraig Phiarais	50	Faoi phleanáil 2005

Cuireadh tús le hobair ar 29 aonaid tithíochta sóisialta faoi Chuid V den Acht Um Pleanail Agus Forbairt 2000 agus le hobair ar 123 aonad ar phraghas réasúnta i 2005.

SCÉIMEANNA OBAIR FHEABHAIS / ATHNUACHANA

Chuir an Chomhairle clár ollmhór Oibreacha Feabhais ar bun i rith na bliana 2005 lena n-áirítear Céim 1 de scéim Pháirc Chluain Ioraird (66 tithe) a thabhairt chun críche agus 170 teach ar tógadh roimh 1960 i seanlimistéir na Cathrach iad a thabhairt chun críche go substaintiúil.

Cuirfear síneadh leis na hoibriúcháin feabhais chun tosú ar na céad chéimeanna i bPáirc Airde Móire, Lios Dúgáin agus Larchville agus freisin chun an chuid eile de na tithe ó roimh 1960 a thabhairt chun críche.

CLÁR TEASA LÁRNAIGH

Fuair an Chomhairle maoiniú ón Roinn i 2005 a chuir ar a cumas tar éis an oiread céanna airgid a chur leis teas lárnach a fheidhmíonn ar ghás a chur isteach agus insliú a shuiteáil i níos mó ná 200 teach.

Tá an Chomhairle ag dréachtú pleananna leis an scéim a chur ar aghaidh sna blianta amach romhainn chun a chinntiú go mbeidh na tithe uile ar léi iad feistithe amach le córas teasa nua-aimseartha agus éifeachtach roimh lár na bliana 2008.

ÚINÉIREACHT TÍ PHRÍOBHÁIDIGH

Fuair an Chomhairle 72 iarratas faoin Scéim Chomhúinéireachta i rith na bliana 2005; tugadh chun críche 65 cinn de na bearta sin.

DEONTAIS DO DHAOINE FAOI MHÍCHUMAS

Dháil an Chomhairle deontais ar luach €700,000 faoin scéim i rith na bliana 2005, rud a chuir ar a cumas obair fheabhsúcháin riachtanaigh a thabhairt chun críche ar 68 dteach aonaracha.

PLEAN GNÍMH I LEITH DAOINE GAN DÍDEAN

Rinneadh dul chun cinn breise chun cuspóirí an Phlean a chur i bhfeidhm i rith na bliana 2005 lena n-áirítear bunú Foireann Gnímh Daoine gan Dídean a raibh na gníomhaireachtaí stáit agus deonacha ábhartha páirteach ann.

Rinneadh dul chun cinn freisin ar obair a bhain le feabhsúchán seirbhís chomhordaithe agus le méadú ar mhaoiniú do chomhlachtaí Tithíochta Deonacha a sholáthraíonn seirbhísí do dhaoine gan dídean lena n-áirítear seirbhísí for-rochtana sna réimsí seirbhísí lántaca agus coisc.

TÁSCAIRÍ FEIDHMITHE SONRACHA

Bhí cónaí i 97% de thithe na Comhairle ar an meán i rith na bliana 2005

84.6Tugadh chun críche 84.6% d'iarratais ar dheisiúchán a fuarthas i rith na bliana.

Ligeadh amach 79 teach in athuair i rith na bliana 2005 agus thóg sé 2.2 seachtaine ar an meán chun tithe nach raibh cónaí iontu agus a raibh fáil orthu a ligean amach in athuair.

Tréimhse 14 lá ar an meán a thóg sé ar an gComhairle na hiarratais chomhlíonta faoin Scéim Chomhúinéireachta a phróiseáil.

BAINISTIÚ MAOIN SEALBHAIS

Is í an Roinn Bhainistiú Maoine a dhéanann bainistíochta ar thalamh agus ar mhaoin sealbhais (seachas tithe údaráis áitiúil) faoi úinéireacht Chomhairle Cathrach Phort Láirge. Cuimsíonn gníomhaíochtaí:

- Éadáil talún le haghaidh tionscadail Bonneagair agus Tithíochta.
- Comhthiomsú suímh i gcuibhreann le cuspóirí forbartha don Chathair.
- Diúscairt/Díol talún de bharrachas ar riachtanais Chomhairle Cathrach Phort Láirge.
- Díol Ruílse ar mhaoin sealbhais atá léasaithe ag an gComhairle.
- Freastal do ghrúpaí spóirt/pobail trí thalamh a chur ar fáil dóibh ar léas/cheadúnas.
- Éadáil tithe don Scéim Morgáiste Comhúinéarachta.
- Faireachán a dhéanamh ar úsáid Bhanc Talún Chomhairle Cathrach Phort Láirge agus é a dhaingniú lena n- áirítear an céanna a ligean amach ar bhonn sealadach nuair atá sé oiriúnach.
- Rannpháirteachas i bPleananna Gnímh Limistéar an Bhaile Bhig, Charraig an Aird agus Larchville/Lios Dúgáin.

Sa bhliain 2005 ba iad seo na tionscadail mhóra a raibh gluaiseacht fúthu:

- Seachbhóthar N25 Chathair Phort Láirge - Leanadh ar aghaidh sa bhliain 2005 ag fáil láithreacha talún sa limistéar atá ag síneadh ó Shliabh Rua go Cill Mhíodáin ó 190 úinéir talún go dtí go raibh 721 acra nó 292 heicteár faighte ina iomláine.
- Cuarbhóthar Amuigh Chathair Phort Láirge - Leanadh ar aghaidh sa bhliain 2005 ag fáil 113 acra talún (46 heicteár) i 139 láthair thalún ó 35 úinéir talún.
- Diúscairt Straitéiseach de shuíomh 32 acra ag Baile Liam.
- Príomhdhraenáil Chathair Phort Láirge - éadáil na dtailte agus na gcead slí uile riachtanach.
- G1S - Cur i bhFeidhm Clár Leasa Maoine Córas Eolais Geografaigh.
- Cosán Coisithe Baile Liam - tús curtha i 2005 le héadáil talún chun cosán a sholáthar.

COMHPHÁIRTÍOCHT

Chuidigh cultúr na Comhpháirtíochta i Comhairle Cathrach Phort Láirge i 2005 go mór leis an rath a bhí ar fhéile na Long Airde agus ar rothlú amach an Córais Fhorbartha Bhainistiú Feidhmíochta. Is í Comhairle Cathrach Phort Láirge an chéad Údarás Áitiúil náisiúnta a rothlaigh amach an córas seo go dtí a chuid fostaithe uile.

Agus aitheantas á thabhairt do dhea-thoil na bhfostaithe dul go dearfach i mbun comhpháirtíochta in athruithe agus i gcuspóirí ó thaobh eagrais, is géar-riachtanas anois é struchtúir agus próisis inmharthana a leabú i gComhairle Cathrach Phort Láirge.

Baineadh sin amach i 2005 tríd an rothlú amach de Ghrúpaí Oibre Chomhpháirtíochta Roinne.

Tá siadsan gníomhach anois sna réimsí a leanas:

- Bóthair agus Iompar.
- Tithíocht
- Spásanna Oscailte agus Taitneamhachtaí.
- Stóráil agus Ceannach.

An fhís atá ceaptha bheith ag na grúpaí sin go mbeidh siad in ann seasamh as a stuaim féin agus go mbeidh siad á gcothabháil féin.

Arís chun chuidiú leis an bpróiseas sin tionóladh cruinnithe Comhpháirtíochta nuair ab fhéidir san Áras Oibriúcháin agus tá an Éascaitheoir Chomhpháirtíochta anois lonnaithe san áras oibriúcháin dhá lá in aghaidh na seachtaine.

Tionscadail chríochnaithe agus fós ar siúl agus a bhfuil tacú a fháil acu ó Chomhpháirtíocht 2005:

- Scéim na Scrúduithe Leighis.
- Clár Fillte ar an bhFoghlaim.
- Athbhreithniú ar Stóráil agus Ceannach - Clár Oibre Athraithe Shuntasaigh.
- Athlonnú Áras Oibriúcháin agus Stórála.
- Scéim Ciste Breoiteachta.

COTHROMAS AGUS ÉAGSÚLACHT:

Tá Foireann Ghníomh Éagsúlachta agus Cothromais de 20 dhuine ag Comhairle Cathrach Phort Láirge agus is é ról atá aici:

- Cultúr Frith-Leithcheal a chur chun cinn
- Saincheisteanna Cothromais/Éagsúlachta a chur chun cinn san ionad oibre
- Faireachán san Ionad Oibre - poitéinseal leithcheala a aithint
- Oiliúint Feasachta ar Chothromas
- Iniúchtaí ar Cothromas

I 2005 cheap an EDAT Plean Gníomh Cothromais agus Éagsúlachta. Ba iad na trí théama a bhí ann:

- Oiliúint Feasachta ar Chothromas
- Cumarsáid
- Oiliúint Feasachta ar Mhíchumas

Rinne an fhoireann athbhreithniú agus leasú ar Pholasaí Bainistíocht Éagsúlachta nua a dhréachtaigh an Bord Seirbhísí Bainistíocht Rialtais Áitiúil (BSBRA) i 2005 agus cuirfear i gcló agus lainseálfar é i 2006. Is in áit an Clár Deise Áitiúla atá ann faoi láthair a bheidh sé.

ROINN NA N-ACMHAINNÍ DAONNA

EARCÚ

Rinne an Roinn Acmhainní Daonna próiseáil ar 42 chomórtas earcaithe i rith na bliana 2005, lena n-áirítear comórtais oscailte agus comórtais shrianta agus mar chuid de sin próiseáladh 1,484 iarratas faoi leith ar jabanna ar an iomlán.

OILIÚÍNT AGUS FORBAIRT

Catagóir	Líon na gCúrsaí a reachtáladh	Líon na nDaoine ar cuireadh oiliúint orthu	Líon na laethanta Oiliúna lena mbaineann
Cúrsaí a eagraíodh/ dearadh go sonrach chun teacht le riachtanais na Comhairle Cathrach	45	211	533
Seimineáir/Comhdhálacha eagraithe ar bhonn lárnach	35	60	76
Lárionad Oiliúna Réigiúnach Ros Cré	7	84	109
Iomláin	**87**	**355**	**718**
Polasaí Foghlama ar feadh Saoil Líon na bhfostaithe a fuair taca chun leanúint le hoideachas ábhartha	23		83
			Méid na laethanta saoire Staidéir/Scrúdaithe

PERFORMANCE INDICATORS	
% na laethanta oibre caillte mar gheall ar neamhláithreacht de bharr saoire deimhnithe nó neamhdheimhnithe	5.31%
Caiteachas ar oiliúint agus ar fhorbairt mar chéatadán de chostais iomlána párolla	6.3296%

FEABHAS TRÍ DHAOINE

I mBealtaine na bliana 2005 rinne FÁS measúnacht in athuair ar an gComhairle Cathrach i ndáil leis an gcaighdeán Feabhas Trí Dhaoine a bhaineann leis an gcleachtas is fearr maidir le hOiliúint Agus Forbairt. Bronnadh an Caighdeán feabhais ar an gComhairle don tríú bliain as a chéile agus tá feabhas tagtha uirthi freisin i ngach catagóir i ndáil le feidhmiú.

CLÁR CÚNAMH DON FHOSTAÍ (CCF)

Ó lainseáladh an CCF i 2004 taispeáin sé go raibh an clár an-tairbhiúil d'fhostaithe. Tá an tseirbhís ar fáil mar sheirbhís taca agus eolais d'aon fhostaí a bhfuil eolas ag teastáil uaidh/uaithi nó a bhfuil taca ag teastáil uaidh/uaithi a fhad is atá sé/sí ag déanamh machnaimh faoi rudaí.
Is seirbhís faoi rún atá i gceist ina ndéileáiltear le réimse leathan imní pearsanta agus imní ó thaobh oibre lena n-áirítear strus bíodh sé pearsanta nó baineadh sé le hobair, bás agus caillteanas, mí-úsáid alcóil nó drugaí, fadhbanna teaghlaigh nó caidrimh, cliseadh sa phósadh, déileáil le tinneas tromchúiseach, deacrachtaí airgeadais agus buairt faoi éirí as obair.

Déanfaidh an Chomhairle Chathrach tuilleadh fógraíochta faoin gclár le teacht air a éascú agus lena dhéanamh níos compordaí agus níos caoithiúla d'fhostaithe ó thaobh úsáide de sa bhliain atá romhainn amach.

CDP

Faigheann Comhairle Cathrach Phort Láirge Creidiúnú "Continuing Professional Development" ó Engineers Ireland (IEI roimhe seo)

Tá an scéim creidiúnaithe arb é Engineers Ireland a bhronnann a creidiúnú ceaptha tacú le foghlaim ar feadh saoil trí dea-chleachtas ó thaobh eagraíochta de sa réimse a bhaineann le forbairt phearsanta Innealtóirí agus fostaithe teicniúla a spreagadh agus a aithint. Cuireann an scéim ar chumas an innealtóra/teicneora saineolas gairmiúil a fhorbairt ar bhonn leanúnach ar feadh a saol oibre ní hamháin trí oiliúint foirmeálta ach freisin trí chleachtas agus trí chomhroinnt eolais.

Is í Comhairle Cathrach Phort Láirge an ceathrú údarás áitiúil a fuair an creidiúnú agus an dara údarás áitiúil a fuair an gradam ar feadh tréimhse 3 bliana.

Ba é an tAire Michael Aherne a bhronn an gradam CPD ag searmanas ar 16 Samhain 2005.

CÓRAS FORBARTHA BAINISTIÚ FEIDHMÍOCHTA (CFBF)

Is i rith na bliana 2005 a rothlaíodh amach go rathúil i gComhairle Cathrach Phort Láirge an Córas Forbartha Bainistiú Feidhmíochta nua a bhfuiltear a thabhairt isteach sna húdaráis áitiúla uile ar fud na tíre.

Ceapadh foireann CFBF chun rothlú amach an chórais a mhaoirseacht. Ba é an cuspóir leis an rothlú amach go mbeadh cruinniú plean forbartha pearsanta faoi leith ag na fostaithe uile agus go mbeifí aontaithe faoin bplean faoi dheireadh na bliana 2005.

Is trí chomhoibriú leis na fostaithe agus trí choimitmint na stiúrthóirí a baineadh é sin amach agus ó thaobh an eagrais de is éacht mór é sa mhéid is go bhfuil sé ag tarlú 12 mhí roimh an spriocdháta náisiúnta.

Ar chuid de na sochair atá á saolú de thairbhe an chórais go dtí seo tá cumarsáid feabhsaithe agus pleanáil foirne Beidh an córas leabaithe go hiomlán san eagras i rith na bliana 2006.

SAORÁIL FAISNÉISE (SF)

Fuarthas na hiarratais a leanas i dtaca le saoráil faisnéise i 2005:-

PEARSANTA	NEAMHPEARSANTA	DEONAITHE	DÉILEÁLADH LEIS TAOBH AMUIGH DE SFI	DIÚLTAITHE
7	7	13	1	0

SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA

DEONTAIS ARDOIDEACHAIS

Faoi na hAchtanna Um Údaráis Áitiúla (Deontais Ardoideachais) 1968-1992 tá Comhairle Cathrach Phort Láirge in ann cúnamh a dheonú do mhic léinn atá ag tabhairt faoi chúrsaí céime i bhformhór na n-institiúidí tríú leibhéil in Éirinn agus san AE. Is éard atá i gceist leis na deontais íocaí ar tháillí agus íocaí ar chothabháil. Bronnadh deontais ar luach €768,014 ina iomláine ar 183 mac léinn faoin Scéim Dheontas Ardoideachais i rith na bliana 2005.

Fuarthas 74 Iarratas Nua agus próiseáladh 109 n-athnuachan.

CLÁR NA DTOGHTHÓIRÍ

Is í Comhairle Cathrach Phort Láirge an t-údarás reachtúil atá freagrach as táirgeadh Chlár na dToghthóirí. Foilsíodh Clár na dToghthóirí don bhliain 2005/2006 an 1 Feabhra 2004 agus tháinig sé i bhfeidhm an 15 Feabhra 2005.

EAMHNÚ BAILE

D'éirigh go hiontach leis an gcuairt a thugamar ar Thalamh an Éisc i mí Mhárta 2005. Thugamar cuairt freisin ar Saint Herblain i rith na bliana. Tá bláth i gcónaí ar an gcaidreamh deirféar idir Rochester, New York agus Phort Láirge. Cuireadh fáilte roimh toscairí a tháinig ar chuairt go Port Láirge ó Saint Herblain lá Fhéile Phádraig agus ó St. John's i mí Dheireadh Fómhair.

CRUINNITHE AGUS COMHDHÁLACHA

I rith na bliana 2005 rinne baill na Comhairle Cathrach ionadaíocht ar son na Comhairle ag Seimineáir agus ag Comhdhálacha laistigh agus lasmuigh den Stát. Féach Aguisín 3.

SCÉIM BHÉILÍ SCOILE

Tá an Chomhairle Cathrach go seasta ag oibriú Scéim na mBéilí Scoile agus ag íoc deontais in airgead tirim a rachaidh chuig costas Béilí do pháistí ar an ngannchuid atá ag freastal ar scoileanna i gCathair Phort Láirge. Beidh an scéim ag oibriú ó 1 Eanáir go dtí 31 Márta agus ón 1 Deireadh Fómhair go dtí 31 Nollaig gach bliain.

TINREAMH SCOILE

Bhronn an Méara teistiméireachtaí tinreamh scoile ar pháistí nár chaill lá scoile i gcaitheamh na scoilbhliana 2004/2005. Don tríú bliain as a chéile bronnadh gradam an tinrimh scoile is fearr le linn na tréimhse seo ar Bhunscoil Naomh Muire Bhaile Gunnair.

LONGA AIRDE

Buaicphoint d'fhoireann Ghnothaí Corparáideacha ba ea eagrú Rása na Long Airde. Tar éis Lainseáil Chathrach ar éirigh go hiontach léi bhí an oscailt thar barr ar fad. Chuireamar cabhair agus saoráidí uile ar fáil do na seirbhísí taca a ghabh páirt in eagrú an rása agus is sinne a rinne an obair thábhachtach fadhbanna a fhuascailt i gcaitheamh na féile. Tá buíochas mór ag dul d'fhostaithe na Comhairle Cathrach as a n-éirimiúlacht agus a solúbthacht agus as an dea-ghiúmar nár staon le linn na huaireanta fada a mhair an ócáid.



Longa Airde

LONGA AIRDE

I mí Iúil bhí Cathair Phort Láirge ina óstach do Rásaí na Long Airde don chéad uair. Níl dabht ar bith ach gurbh í an imeacht seo a raibh Comhairle Cathrach Phort Láirge, Caladhphort Phort Láirge, an Garda agus na hearnálacha Gnó agus Pobail á pleanáil le sé bliana ar an imeacht is dúshlánaí ar thug an cathair faoi riamh.

Bhí an saol is a mhac ar aon fhocal faoi go raibh rath as cuimse ar an imeacht a raibh tarraingt uirthi ar chabhlach idirnáisiúnta de 27 longa Grád A, 3000 ball criú ó 18 tír lena n-áirítear tíortha nach ndearnadh riamh roimhe sin ionadaíocht ar a son san imeacht, a leithéid an India agus an Indinéis.

Ba é Meas Oifigiúil an Gharda ar an tinreamh ar na Céanna i bPort Láirge agus ar feadh Inbhear Abhainn na Siúire idir maidin Céadaoin 6 Iúil agus tráthnóna Sathairn 9 Iúil: 450,000. Sin nach mór a dhúbailt an 250,000 a rabhthas ag tuar roimh ré. Ba í oíche an Aoine, 8 Iúil an buaicphointe ó thaobh chuairteoirí nuair a lasadh an spéir le taispeántas tinte ealaíne a chuir 130,000 duine ar gach taobh na Siúire faoi dhraíocht. A rá go raibh tarraingt air ag 450,000 cuairteoir ciallaíonn sin gurb í an imeacht ba mhó agus ba rathúla a d'eagraíodh riamh sa taobh seo tíre agus an imeacht saor in aisce faoin spéir is mó tarraingt ó thaobh cuairteoirí in Éirinn.

Chuir fostaithe Comhairle Cathrach Phort Láirge a dhúthracht uile leis. Cur chuige teagmhálach a bhí ag daoine ag gach leibhéal, ba shin é an modh oibre: "everyone did everything" agus "anyone did anything" agus an mhaoirseacht an chuid ba lú de; b'amhlaidh a bhí spiorad an chomhoibrithe. Ba nádúr an tionscadail gur theastaigh go mbeadh na fostaithe ag obair uaireanta fada i gcúinsí a chuir éileamh mór orthu. Ós rud é gurbh amhlaidh a bhí bhí cáilíocht na mbuanna idirphearsanta a léirigh na fostaithe agus iad ag déileáil leis an slua mór daoine, eisceachtúil agus aitheanta go poiblí.

Roinnt mhíonna roimh an imeacht thug foireann spásanna oscailte na Comhairle Contae clár plandála chun críche ar fud na cathrach, rud a rinne taispeántas den chathair. Áirítear ar sheirbhísí sonracha a seachadadh le haghaidh na himeachta riar uisce sealadach, dúshlán ann féin agus seirbhísí sláintíochta do níos mó ná 80 árthach a bhí ar ancaire leis an cé maille le soláthar leithreas poiblí do na cuairteoirí uile. Go mín réidh agus gan chur isteach ar dhuine ar bith a chuathas i mbun bailiúchán bruscair de ló is d'oíche, rud nach raibh éasca ar chor ar bith. Cuireadh plean leathan bainistiú tráchta i bhfeidhm le haghaidh na himeachta; gné de sin ba ea áiseanna páirceála agus marcála saor in aisce ó roinnt láithreáin ar imeall na cathrach. Bhain níos mó ná 250,000 duine leas as sin. Chruthaigh é sin i dteannta eisiúint 10,000 ceadúnas speisialta le haghaidh cónaitheoirí agus gnóthaí i lár cathrach cathair sábháilte agus áisiúil don choisí ar ócáid na féile. Agus tabhair féile air.

Bhí Port Láirge breactha le stáitsí, seacht gcinn acu amuigh faoin spéir ar fud na cathrach ar a raibh léirithe saor in aisce gach lá den tseachtain le nach mór 40 banna ceoil lena n-áirítear léiriú ón tSeapáin, ó na Stáit Aontaithe agus ón Ríocht Aontaithe. Bhí téamaí faoi leith ó thaobh ceoil ag na stáitsí a bhí suite ag: Cearnóg John Roberts, Greyfriars, Sráid Henrietta, Sráid Keyser, Sráid Barronstrand, Sráid Gladstone, Plaza William Wallace.

Port Láirge a sheas ina óstach ar an imeacht agus tharraing sin aird na meán ar scála as cuimse le cumhdach forleathan ar raidió agus ar theilifís áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta (lena n-áirítear nach mór trí uair an chloig de chumhdach príomh-ama speisialta ar theilifís RTÉ a hAon amháin) chomh maith leis na meáin chlóite réigiúnacha agus náisiúnta mar a raibh scéalta agus grianghraif/léirithe in eagráin Iúil 6, 7, 8, 9 agus 11 den Irish Times, Irish Examiner agus Irish Independent - tréimhse mharthanach gan fasach don chathair ó thaobh nochtadh dearfach.

Beagán níos lú ná €70 an meánchaiteachas in aghaidh an chuairteora de réir meas tionscal na flaithiúlachta i bPort Láirge. Threisigh óstáil Phort Láirge ar Rása na Long Airde an geilleagar go díreach trí níos mó ná €30m. a chur leis. Tacaíonn meastacháin na hearnála bainc leis an bhfigiúr sin agus measann go raibh €10m. breise i nótaí bainc i gcursaíocht sa chathair thar thréimhse na ceithre lá agus gur scaip meaisín ATM amháin €250,000 in aon tréimhse amháin de 48 uaire an chloig. Bheadh méadú faoi thrí ar a laghad san ionchur airgid tirim sin dá gcuirtí san áireamh úsáid cártaí creidmheasa agus cártaí dochair le haghaidh earraí níos costasaí agus chun íoc as béilí agus cóiríocht.

Chomh maith leis an treisiú díreach sa gheilleagar a ghin an imeacht a mheastar ar €30m., b'fhiú níos mó ná €6m. an phoiblíocht dhearfach a fuarthas roimh ré, lena linn agus ina diaidh, do Phort Láirge de bharr í bheith ina hóstach rathúil ar Rás na Long Airde. B'fhéidir go mb'fhearr a rá gurb iad cúrsaí geilleagair an chuid ba lú dá tionchar agus gur mó a chuaigh sé chun tairbhe réimse theibí na féinmhuiníne a cothaigh sé sa chathair agus a d'fheabhsaigh ar a seal an meas atá ag Port Láirge ar a cumas féin mar chathair réigiúnach tábhachtach.
Mar a dúradh in eagarfhocal san Irish Times an 9 Iúil, "At a time when the tourism industry is complaining about falling visitor numbers outside of Dublin, it is heartening to see the initiative that has been displayed by Waterford in attracting this family-friendly event. There were parades through the streets of the city for the foreign crews. And gangplanks were lowered to the public...These last few days have been special. The organisers of the event and the local people who showed such hospitality to visiting mariners and other tourists should take a bow."

CÓRAIS EOLAIS

Is é príomhfhócas Córais Eolais tacú le seachadadh éifeachtach seirbhísí trí úsáid a bhaint as pacáistí ríomhaire agus bogearraí feidhmiúcháin ar chaighdeán tionsclaíoch atá suas chun dáta; baintear úsáid go príomha as teicneolaíocht bunaithe ar an idirlín.

Bíonn Comhairle Cathrach Phort Láirge ag obair i dlúthpháirtíocht le Bord Seirbhísí Ríomhaire Rialtais Áitiúil (BSRRA) a riarann agus a thacaíonn le soláthar Córas Eolais d'Údaráis Áitiúla agus a dhéanann comhordú ar úsáid chóras náisiúnta.

BONNEAGAR

Oibrímid Líonra Limistéir Logánta (LLL) forleathan, ag baint úsáid as cábla struchtúrtha, (Snáthoptaice, cat 5 agus cat 6, líonta léasaithe, ISDN and VPN). Tá sé sin leathnaithe ar fud na Cathrach dár láithreacha uile mar Líonra Limistéir Fhairsing (LLF) ag baint úsáid as teicneolaíocht gan sreang den chuid is mó. Tá amuigh is istigh le 400 úsáideoirí ar ár líonra ag baint úsáid as timpeall 330 PCanna. Tá formhór na gcóras bunaithe ar "Windows," iad ag rith ar thimpeall 30 freastalaí.

LONGA AIRDE

Maraon leis an gcuid is mó de na ranna sa Chomhairle Chathrach, bhí an Oifig Eolais gafa go mór le hullmhúchán agus le feidhmiú Rása na Long Airde i mí Iúil ar éirigh go hiontach leis. Cuimsigh an obair sin, an bonneagar le haghaidh ionad na meán ag ceanncheathrú an Rása i Halla na Cathrach a bhunú, dhá cheamara gréasáin "beo" ag faire ar na Longa, rud a thaispeáin sé bheith an-tarraingteach; bhí sé sin le sonrú san ardú ar an méid daoine a thug cuairt ar an suíomh idirlín seo againne ó thimpeall 115,000 in aghaidh na míosa go dtí 5 milliún, figiúr dochreidte le linn tréimhse na long airde.

Suíomh Idirlín na Long Airde (http://www.waterfordtallshipsrace.com) Bhí ról tábhachtach ag foireann forbartha gréasáin Comhairle Cathrach Phort Láirge maidir le Féile na Long Airde a fhógairt i bhfad is i gcéin.

Is sinne freisin a bhí freagrach as an suíomh a choinneáil ar siúl ó lá go lá.

- Uasdhátú leathanach
- Réimsí nua a chruthú agus a dhearadh
- Pictiúir agus cártaí poist a chruthú agus a dhearadh
- Láimhseáil ríomhphoist a bhaineann leis na Longa Airde
- Nuachtlitir agus an nuacht is deireanaí a sheoladh le ríomhphost chuig na húsáideoirí atá cláraithe lena n-aghaidh
- Oiliúint a chur ar fhoireann Turasóireachta an Oir-Dheiscirt.

Agus muid ag druidim le hócáid rása na Long Airde agus don imeacht féin fuaireamar níos mó ná 20 milliún amas, figiúr uafásach mór.

FORBAIRT CHÓRAS

I measc córas a forbraíodh sa bhliain 2005 áirítear:-

- Bunachar Sonraí Stoc Tithíochta
- Córas Fíneálacha Bruscair
- Bunachar Sonraí Eirgeanamaíochta
- Clár Leas Maoine Sealbhais
- Bunachar Sonraí Struchtúr Cosanta
- Tionscadail Ailtire
- Bunachar Sonraí Uaigheanna

FORBAIRT IDIRLÍN AGUS OBAIR AR LÍNE

Bíonn ár suíomh idirlín ag http://www.waterfordcity.ie a bhfuil gradam bainte amach aige ag cur eolas agus seirbhísí fóinteacha ar fáil don phobal ar bhonn leanúnach. Fuaireamar 31.3 amas i 2005 i gcomparáid le 12.8 i 2004. Ciallaíonn sin 114,000 chuairteoir faoi leith (62,000 i 2004). Ba iad na 4 leathanach ba mhó a bhí tarraingt orthu: ceamara gréasáin, Turas fiorúil, Fógraí agus jabanna. Tugadh chun críche na feabhsúcháin a leanas i 2005:-

- Feidhmchlár aistriúchán Gaeilge curtha chun cinn
- Athdhearadh ar an suíomh idirlín (níos áisiúil don úsáideoir agus teacht níos fearr air) agus lainseáilte in athuair.
- Síniú curtha le Seirbhís Íoca ar Líne chun Fíneálacha Tráchta, Muirir Thráchta, Muirir Dhóiteáin, Iasachtaí, Cíosanna agus Uisce Tráchtála a chuimsiú.
- Obair ar Thionscadal na Long Airde - mapaí, bróisiúir agus suíomh idirlín

ÁISIÚLACHT IDIRLÍN

Is éard ata i gceist le háisiúlacht leathanach gréasáin go gcuirtear san áireamh sa dearadh riachtanais speisialta cuairteoirí atá buailte le héalang ó thaobh na héisteachta, na súile, na gluaiseachta agus ó thaobh feasa de agus tá sé d'aidhm acu gurb ionann eachtra do gach úsáideoir na leathanaigh a léamh.

Ós ag caint air sin bímid ag obair go leanúnach ar na bealaí a leanas:

- D'éirigh linn an suíomh idirlín www.waterfordcity.ie a uasghrádú go dtí caighdeán áisiúlachta AAA, leibhéal A i 2005.
- Doiciméid agus foirmeacha a tháirgeadh ar bhealach níos áisiúil.
- Stíl chaighdeánach maidir le scríbhneoireacht agus le foilseachán a tháirgeadh a chinnteoidh go mbeidh an eachtra níos éasca ar an gcuairteoir.
- A chinntiú gur i mBéarla simplí a bheidh na suímh idirlín agus an doiciméadú uile scríofa gur furasta iad a léamh agus go bhfuil siad sothuigthe.

Bóithre, Iompar agus Bonneagar

BÓITHRE, IOMPAR AGUS BONNEAGAR

"Is é mórchuspóir na Roinne Iompair agus Bonneagair an bonneagar fisiciúil is gá a chur ar fáil do Chathair Phort Láirge le go bhfásfaidh sí agus le go rachaidh sí chun cinn de réir an ardphoitéinsil atá aici mar Chathair Thairsigh limistéar an Oirdheiscirt."

IOMPAR

SEACHBHÓTHAR N.25

Rinneadh dul chun cinn suntasach i 2005 maidir le luathú an scéim seo agus i mí na Nollag fógraíodh an lamhaltóir don PPP chun an seachbhóthar a dhearadh, a thógáil, agus a fheidhmiú Tá obair ar an láithreán ceaptha tosú go luath i 2006 agus meastar go dtógfaidh sé istigh is amuigh le 3.5 bliana chun an seachbhóthar 18 km. a chur i gcrích.

I ndiaidh don Aire cinneadh a dhéanamh an láithreán uigingeach ag Baile na Coille i mBealtaine 2005 a chaomhnú rinneadh athdhearadh ar phíosa den bhóthar 3.5km ar fhad chun an suíomh tábhachtach seandálaíochta seo a sheachaint. Cuireadh an tuarascáil roghnaithe bealaigh le haghaidh an chuid seo den bhealach faoi bhráid an Bhoird Phleanála go ndéanfaí breithniú air agus is aige a bhí sí Nollaig 2005.

CUARBHÓTHAR AMUIGH

Osclaíodh carrbhealach dúbailte an Chuarbhóthair Amuigh 6.6km ar fhad i mí Mheán Fómhair 3 mhí roimh an am sceidealta ar chostas de €37m. Ba mhór an tionchar a bhí aige cheana féin i ndáil le tranglam tráchta ar bhealaí gathacha na cathrach a scaoileadh maille le réimsí móra talún a oscailt suas rud a sholathróidh do chur chun cinn na Cathrach amach anseo. Tá conradh faoi leith cosáin choisithe, lánaí rothair agus soilse poiblí a chur isteach ar feadh bhealach iomlán an Chuarbhóthair Amuigh agus beidh deireadh leis sin i rith na bliana 2006.

BÓTHAR CHARRAIG PHIARAIS

Tugadh an bealach nua seo 1.9km ar fhad chun críche i mí Dheireadh Fómhair 2005 ar chostas de €5m. Déanann an bóthar nua nasc idir Bóthar An Chlaí Bhuí agus Gracedieu agus osclaíonn d'forbairt na n-ionad comharsanachta i mbruachbhailte an Iarthuaiscirt.

BEALAÍ GLASA

I rith na bliana 2005 ceapadh comhairleoirí chun tuarascáil a ullmhú faoi thabhairt isteach Bealaí Glasa ar an N.25 agus ar Bhóthar Dhúin Mhóir. Beidh moltaí le haghaidh pasáistí bus, lánaí rothair, cosáin choisithe agus bearta eile a bhfuil sé d'aidhm acu teacht ar Lár na Cathrach a éascú ina sainchodanna de na Bealaí Glasa atá molta.

Tá súil leis go mbeidh tuarascáil na gcomhairleoirí críochnaithe go luath i 2006; múnlóidh sí polasaí na Comhairle maidir le hiompar inmharthana don chathair a chur chun cinn amach anseo.

TOGRAÍ BÓTHAIR EILE

Tugadh chun críche an obair ar leathnú Lána Maypark agus ar chuid de Chnoc Eoin ag Quarrymount. Rinneadh dul chun cinn freisin i rith na bliana 2005 ar an éadáil talún atá ar bun le haghaidh na bhfeabhsúcháin ar Bhóthar Bhaile Liam agus tá súil leis go mbeidh obair ar an tionscadal sin tosaithe go luath i 2006.

OBAIR CHOTHABHÁLA AR BHÓITHRE AGUS COSÁIN CHOISITHE

Bhí caighdeán an-ard ar an obair chothabhála agus ar an uasghrádú a rinne an Comhairle go seasta ar bhóithre agus ar chosáin choisithe i 2005. Cuireadh dromchla in athuair ar 43,500 méadair chearnacha de bhóthair i rith na bliana: obair í sin a bhain le 30 cinn de shráideanna na Cathrach. Rinneadh athchóiriú agus uasghrádú ar 3 km breise de chosáin choisithe Ina theannta sin rinne an Chomhairle líon áirithe de bhearta feabhsúchán rochtana do dhaoine faoi mhíchumas ar chosáin choisithe i roinnt áiteanna lena n-áirítear Cnoc Eoin agus Baile Sheáin.

Tugadh chun críche roinnt tionscnamh faoin Scéim Dheontas Sábháilteachta ar Chostas Íseal lena n-áirítear soláthar trasbhealaí coisithe agus táblaí luais ag Baile Bhricín, trasbhealaí coisithe ar Bhóthar Dhúin Mhóir agus ar an gCuarbhóthar Amuigh agus bearta suaimhnithe tráchta ar an mBóthar Mainéar / Corcaigh.

De bharr an chionroinnt bhreise bhuiséid de €100,000 le haghaidh soilse poiblí bhí sé ar chumas na Comhairle 165 soilse poiblí nua agus uasghrádaithe a chur isteach.

BAINISTIÚ TRÁCHTA

Thug an Chomhairle faoi Phlean Bainistiú Tráchta ollmhór don Chathair ar ócáid Rása na Long Airde i mí Iúil agus mar chuid de sin dúnadh agus rinneadh ath-threorú ar an mbealach náisiúnta príomha, cuireadh tródam ar Lár na Cathrach, cruthaíodh pasáistí bus lántiomnaithe agus córas leathan Páirceála agus Marcála.

Ba é an córas is mó dá leithéid ar tugadh faoi riamh sa tír seo an córas Páirceála agus Marcála sin agus mar chuid de cruthaíodh 30,000 spás cairr sealadacha agus cuireadh níos mó ná 100 bus ag taistil ar phasáistí bus lántiomnaithe.

Rinne an plean riaradh ó thaobh feithicle ague coisithe de ar ghnóthaí 400,000 duine a tháinig ar chuairt ar an gCathair agus ghlac cuairteoirí a tháinig chuig an ócáid agus an pobal gnó áitiúil go fonnmhar leis.

BAINISTIÚ PÁIRCEÁLA

Tá foireann Mhaor Tráchta fostaithe ag an gComhairle chun faireachcán agus forfheidhmiú a dhéanamh ar ionaid pháirceála na Comhairle agus ar shaoráidí páirceála sráide. I gcaitheamh na bliana 2005 díoladh níos mó ná 875,000 Diosca Páirceála agus eisíoch 37,000 fíneáil páirceála ar an bhfód.

SÁBHÁILTEACHT AR BHÓTHAR

Tá scéim Mhaor Scoile curtha ar fáil ag an gComhairle le haghaidh 8 scoil sa Chathair a bhíonn ag feidhmiú suas go trí uaire sa ló le linn téarmaí scoile.

Chuir an Chomhairle cúnamh airgeadais ar fáil freisin do roinnt Bhunscoileanna chun páirt a ghlacadh sa Scéim Oiliúna Rothaíochta Sábháiltí agus tá súil aici síneadh breise a chur leis an scéim sin amach anseo.

Agus aghaidh á thabhairt ar Lá Saor ó Charr na hEorpa i mí mheán Fómhair eagraíodh roinnt Busanna Siúlóide Scoile maille le siamsaíocht sráide.

MÓTARCHÁIN

AIDHMEANNA:

Éifeachtacht agus éifeachtúlacht feidhmeanna iomlána Mótarchánach, Ceadúnas Tiomána agus Ceadúnas le haghaidh Feithicil Beag Seirbhíse Poiblí a uasmhéadú agus seirbhís chustaiméara den scoth a chuir ar fáil gach tráth

TIONSCNAIMH SHONRACHA

Breis forbartha agus úsáide maidir leis an mBunachar Sonraí Ceadúnas le haghaidh Feithicil Beag Seirbhíse Poiblí ar dearadh san eagras féin é agus a lainseáladh i 2004.

Rinneadh an dearadh deiridh ar an Treoirleabhar Eolas Oifige Mótarchánach agus tá sé le bheith foilsithe go luath i 2006. Is í an fhoireann san Oifig Mhótarchánach a dhear an Treoirleabhair. Is treoir chuimsitheach don tseirbhís mótarchánach ina iomláine í agus is féidir í a úsáid mar fhoinse eolais do chustaiméirí nó mar uirlis oiliúna d'fhoireann. Fuair sí aontú i scríbhinn ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtas Áitiúil agus ón Roinn Iompair; tá 28 as 32 cheann d'Oifigí Mótarchánach ag baint úsáid as an Treoir seo. Tá sé beartaithe go mbeidh nach mór leath milliún cóip den treoirleabhar i gcúrsaíocht in Oifigí Mótarchánach ar fud na tíre go luath i 2006.

Tugadh an chéad céim i dtreo TV. Mótarchánach a dhearadh. Is éard a bheidh i TV. Mótarchánach córas eolais ar scannán plasma a thaispeánfaidh na príomhphointí eolais ó Threoirleabhar Eolais na hOifige Mótarchánach. Is í an fhoireann san Oifig Mhótarchánach a d'fhorbair an nuálaíocht seo freisin. Is é an príomhaidhm atá leis eolas ábhartha i ndáil le seirbhís mhótarchánach a chur ar fáil do chustaiméirí a bhíonn ag fanacht sa limistéar poiblí den Oifig Mhótarchánach. Tá suim léirithe ag líon mór d'Oifigí Mótarchánach trastíre i rannpháirteachas sa Tionscadal seo, rud a chinnteoidh go mbeidh an eolas céanna ar fáil do chustaiméirí mótarchánach ar fud na tíre.

STAITISTICÍ MÓTARCHÁNACH 2005

Ceadúnais Feithicle Eisithe:		Ceadúnais Tiomána Eisithe:	
Bliantúil	12,220	Bliain amháin	65
Gach re Bliain	6,910	Trí bliana	502
Uair sa ráithe	15,502	Deich mBliana	2,191
Dúblaigh	154	Sealadach	4,096
Díolmhaithe	156		
IOMLÁN	**34,942**	**IOMLÁN**	**6,854**

SCÉIM THÁSTÁLA FEITHICLE (EARRAÍ):

Eisíodh 1,979 Theastas Inaistir faoin scéim seo i rith na bliana 2005.

M.1Líon Iomlán agus céatadán bearta mótarchánach go dtí deireadh Ráithe 4:

	Líon Iomlán	%
Arna dhéileáil ag an gcuntar	40,791	87
Arna dhéileáil tríd an bpost	6,076	13
Arna dhéileáil ar bhealaí eile (m.sh. ar líne, ar an nguthán)	NEAMHNÍ	NEAMHNÍ
IOMLÁN	**46,867**	**100%**

M.2 Líon na n-iarratas poist agus céatadán na n-iarratas poist foriomlán arna ndéileáil leo ón uair a fuarthas an t-iarratas.

	Líon Iomlán	%
Ar an lá céanna	4,366	71.86
Ar an tríú lá nó níos luaithe	1,646	27.09
Ar an gcúigiú lá nó níos luaithe	53	00.87
níos mó ná 5 lá	11	00.18
IOMLÁN	**6,076**	**100%**

ADMHÁLACHA:

Líon iomlán na n-admhálacha a fuarthas ó ghníomhaíochtaí Mótarchánach uile i 2005 €7,043,184.12.

M.3Uaireanta oscailte don phobal ar an meán in aghaidh na seachtaine:

Ó 9.15 r.n. to 4 i.n. ó Luan go hAoine .i. 6 uaire 45 nóiméad 5 lá sa tseachtain (lena n-áirítear am lóin) na huaireanta oscailte. Ó 9 r.n. to 5 i.n. ó Luan go hAoine .i. 8 n-uaire an chloig 5 lá sa tseachtain an lá oibre. Mar sin tá an Oifig Mhótarchánach oscailte don phobal 84.4% de gach lá oibre.

SEIRBHÍSÍ UISCE

PRÍOMHSCÉIM DRAENÁLA PHORT LÁIRGE (PD) - CÉIM 2

Is í an aidhm atá leis an bPríomhscéim Draenála (Céim 2) deireadh a chur leis na heisiltigh lofa uile a ritheann isteach in abhainn na Siúire agus de thoradh air sin tiocfaidh feabhas substaintiúil ó thaobh na timpeallachta agus na fóillíochta de ar chaighdeán uisce na habhann agus cuirfear cúinse tábhachtach bonneagair ar fáil le haghaidh forbairt inmharthana eacnamúil na Cathrach amach anseo.
Cuimseofar sa scéim Planda Cóiriú Fuíolluisce (PCF) den chéad scoth a bheidh lonnaithe ag Belview maraon le córas leathan bailiúcháin agus an iomad stáisiún pumpála a bhéarfaidh an fuíoll uisce ón gCathair agus ón limistéar máguaird go dtí an PCF. Cosnóidh an scéim €57.6m agus beidh 8 gconradh faoi leith ina sainchodanna de. Rinneadh 7 gcinn de na conartha sin i 2005 agus chuaigh an obair chonartha ar aghaidh ar na córais bhailiúcháin. Tá súil leis go gcuirfear tús leis an obair ar an Planda Cóiriú Fuíolluisce ag Belview go luath i 2006 agus go mbeidh an scéim iomlán críochnaithe agus coimisiúnaithe faoi lár na bliana 2008.

SEIRBHÍSÍ DRAENÁLA

Is í Earnáil Draenála na Comhairle atá freagrach as obair chothabhála agus dheisiúcháin ar líonra dhraenála poiblí na Cathrach. Freagraíonn an Earnáil glaonna éigeandála agus chuireann caoi ar dhraenacha lochtacha. Ina theannta sin déantar obair ghlantacháin agus chothabhála ar níos mó ná 7000 clasáin bhóthair lena chinntiú go mbeidh díle áitiúil srianta an oiread agus is féidir.

SOLÁTHAR AGUS DÁILEACHÁN UISCE

Déanann an Chomhairle Cathrach obair chothabhála ar níos mó ná 235 km de phríomhphíopaí uisce ar fud na Cathrach. 25,000 méadar ciúbach in aghaidh an lae ba ea an meánéileamh ar uisce sa Chathair.
Is tríd an gcóras teileméadrachta raidió - Scada, a dhéantar cianfhaireachán agus cianrialú ar dháiliúchán uisce sa líonra. Cuireann sin ar chumas na Comhairle anailís a dhéanamh ar shreabhanna tríd an líonra dáiliúcháin agus freagarthaí a phleanáil de réir mar a theastaíonn.

CAOMHNÚ UISCE

Is ar bhonn cur chuige réamhghníomhach i leith caomhnú uisce a d'fheidhmigh an Chomhairle go seasta i gcaitheamh na bliana 2005 trí Fhoireann Smachtú Gníomhach Sceithe dá cuid. 37 sceith in aghaidh na míosa ar an meán i gcaitheamh na bliana a tugadh chun aitheantais agus a deisíodh. Ba í an obair leantach sin ba mhó ba chúis leis an laghdú tríd is tríd de 2,000 méadar ciúbach ar an meán ar thomhaltas uisce na Cathrach in aghaidh an lae in ainneoin éileamh méadaithe. Ceapadh comhairleoirí i 2005 le haghaidh Céim 2 de Chlár Athbhunú Príomhsholáthar Uisce na Cathrach. Tá súil leis go mbeidh obair ar an scéim sin ag tosú i rith na bliana 2006; nuair a bheidh sí críochnaithe beidh laghdaithe suntasacha breise sa chaillteanas uisce chóirithe trí sceith.

CAIGHDEÁN UISCE INÓLTA

Bhí soláthar uisce inólta d'ardchaighdeán ag teacht go seasta chuig an gCathair i rith na bliana 2005. Is iad EPA, HSE agus an saotharlann ag Baile Adáim a dhéanann na tástálacha tráthrialta lena chinntiú go bhfuiltear ag teacht le Treoirlínte Caighdeán Uisce Inólta. Tagann níos mó ná 99% de na samplaí leis na treoirlínte náisiúnta le haghaidh uisce inólta nó ghabhann tharstu agus tá soláthar uisce na Cathrach ar chomhchaighdeán leis na cinn is fearr atá sa Stát.

CLÁR MÉADRÚ UISCE TRÁCHTÁLA

Chun teacht le ceangail Chreat Polasaí Praghsáil na hUisce Náisiúnta ní mór don Chomhairle a chinntiú go mbeidh méadar ar gach soláthar uisce nach de theaghlach é roimh Nollaig 2006. Rinneadh dul chun cinn nach beag i rith na bliana 2005 agus ag deireadh na bliana bhí níos mó ná 98% den chlár tugtha chun críche agus ar an mbealach ceart i dtreo bheith críochnaithe go maith chun tosaigh ar an sprioc-am.

CLÁR INFHEISTITHE I SEIRBHÍSÍ UISCE

I ndiaidh do Réamhthuarascáil le haghaidh Scéim Soláthar Uisce Iarthuaisceart na Cathrach bheith tugtha chun críche i 2005 táthar ag dul ar aghaidh leis an obair maidir le dearadh agus le pleanáil eilimintí den scéim lena n-áirítear an taischumar agus stáisiún pumpála nua atá molta ag Carraigh Phiarais. Tá súil leis go dtosófar ar an obair thógála i rith na bliana 2006 agus má choinnítear leis an sceidil beidh deireadh leis an scéim roimh 2008.

SCÉIM SOLÁTHAR UISCE OIRTHEAR PHORT LÁIRGE (SSUOPL) - CÉIM 2

Bhí Comhairle Cathrach Phort Láirge ag obair ar bhonn leanúnach i gcomhair le Comhairle Contae Phort Láirge i 2005 le clár oibre SSUOPL a bhrú ar aghaidh. Cuimsíonn an scéim córais nua inghabháil uisce agus fairsingiú suntasach ar an bPlanda Cóirithe in mBaile Ádaim. Nuair a bheidh sí críochnaithe soláthróidh an scéim do riachtanais soláthar fadtéarmach uisce don Chathair agus d'oirthear Chontae Phort Láirge.Rinneadh conartha i 2005 agus cuireadh tús le hobair ar chórais nua príomhsholáthair agus inghabhála agus tá sé beartaithe tús a chur le fairsingiú an phlanda ag Baile Ádaim i 2006 agus má chloítear leis an sceidil beidh an scéim iomlán críochnaithe faoi lár na bliana 2008.

Pleanáil agus Forbairt

PLEANÁIL AGUS FORBAIRT

PLEANÁIL AGUS FORBAIRT

"Chun feabhas sa cháilíocht beatha a chinntiú, lena n-áirítear fás eacnamúil, caighdeán maireachtála inghlactha agus timpeallacht fisiciúil shásúil le haghaidh maireachtála agus oibre."

Is í an Roinn Pleanála a chuireann forbairt chun cinn agus a rialaíonn í chun timpeallacht d'ardchaighdeán a chruthú inar féidir le daoine maireachtáil, obair agus a gcuid am fóillíochta a infheistiú agus a mheil. Folaíonn obair na Roinne polasaithe pleanála don chathair a chur chun cinn, forbairt rialta a éascú agus a chur chun cinn tríd an bpróiseas bainistiú forbartha agus géilliúntas i leith forfheidhmiú pleanála a chinntiú

PLEANÁIL AR AGHAIDH
PLEAN FORBARTHA CHATHAIR PHORT LÁIRGE

Rinne an Chomhairle Cathrach Plean Forbartha Chathair Phort Láirge an 21 Eanáir 2002. Soláthraíonn an plean an creat a mbeidh forbairt inmharthana na Cathrach ag feidhmiú laistigh de sa tréimhse 2002-2008. Beidh an Plean ag iarraidh Port Láirge a chur chun cinn agus soláthar dá forbairt mar Tairseach Náisiúnta. Is sainchodanna den Phlean Forbartha an Straitéis Tithíochta agus trí phlean gnímh áitiúla faoi leith- Plean Gnímh Bhaile Beag/Chill Bharra agus Plean Gnímh Bhruachbhailte an Iarthuaiscirt agus Plean Limistéar Bhaile Throcail/Chill Chuacháin ar glacadh leis i mí an Mheithimh 2005. I 2005 rinneadh athrú ar an straitéis mhiondíola atá sa phlean chun athzónáil a cheadú do thrí shuíomh d'fhonn freastal do pháirceanna miondíola/limistéir úsáide éagsúla.

Cuirfear tús le hathbhreithniú ar Phlean Forbartha 2002-2008 i 2006.

CAOMHNÚ NA HOIDHREACHTA FOIRGNIMH

Cuimsíonn Plean Forbartha Chathair Phort Láirge Taifead na Struchtúr Caomhnaithe a bhfuil níos mó ná 600 iontráil ann. Fuarthas moltaí ón Aire Comhshaol Oidhreachta agus Rialtas Áitiúil i 2005 agus ina dhiaidh sin liostáladh istigh is amuigh de 300 foirgneamh breise i Taifead na Struchtúr Caomhnaithe i rith na bliana

ATHNUACHAN UIRBEACH

Tá an Comhairle Cathrach ag leanúint leis an gclár Athnuachana Uirbí atá comh-mhaoinithe faoi Chlár Oibre Réigiúnach an Oirthir agus an Deiscirt. Bhí obair ag dul ar aghaidh i gcónaí i 2005 ar an gcéad chéim eile den Scéim a bhaineann le feabhsúchán sráide ag Sráid Michael, Sráid Broad, Lána Arundel, and Greyfriars. Tugadh aitheantas do thionscadail Athnuachana Uirbí a bhí ann roimhe sa Chomórtas Comharsanachtaí Cathrach Náisiúnta a d'eagair an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil. Ag searmanas i gCaisleán Bhaile Átha Cliath Nollaig 2005 fuair Port Láirge na gradam a leanas: Spás Oscailte is Fearr Tírdhreach-Túr Reginald agus a Chlós; agus, Limistéar Coisithe is Tarraingtí-Cearnóg John Robert;

BAINISTIÚ FORBARTHA

Rinne an chathair dul chun cinn leanúnach i 2005 agus tá sé sin léirithe sna forbairtí suntasacha a leanas ar cuireadh tús leo nó ar cuireadh deireadh leo i 2005 - forbairt nua Óstáin ag Sráid an Droichid, árasán do mhic léinn ag Cuarbhóthar Istigh, forbairt úsáide éagsúla ag Cearnóg Bhóthair Iarainn, pictiúrlann multipleics ag Cearnóg Bhóthair Iarainn, forbairt tithíochta ag Gracedieu, Cill Bharra agus Seanbhóthar na Trá Móire . Ar iarratais thábhachtacha a cuireadh isteach i 2005 áirítear athfhorbairt ar ionaid siopadóireachta Lios Dúgáin agus Bhaile Beag, planda críochnú cogasaíochta nua le haghaidh Genzyme Ireland Ltd., agus forbairtí tithíochta breise ag Gracedieu agus ag Carraig Phiarais.

IARRATAIS PHLEANÁLA 2005-TÁSCAIRÍ FEIDHMITHE

Catagóir	Líon na n-iarratas Cinnte	Méid cinnte laistigh de ocht seachtaine	% na nDeontas	% na n-Eiteach
Forbairt Tithíochta	24	11	66.67	33.33
Teach Aonarach	39	26	71.79	28.21
Eile: ní theastaíonn EIA	328	238	85.37	14.63
Eile: teastaíonn EIA	2	0	100	0

A total of 393 applications were determined, of which 323 were granted and 67 were refused. A total of 28 appeal cases were determined by An Board Pleanala wherein the decision of the Council was upheld in 22 cases.

FORBAIRT A RINNE AN CHOMHAIRLE

Gaireadh ar an nós imeachta i gCuid 8 de na Rialúcháin Um Pleanáil Agus Forbairt 2001 14 uair sa bhliain 2005. Baineann an nós imeachta sin le forbairtí atá beartaithe ag Comhairle Cathrach Phort Láirge agus áirítear ina measc forbairt tithíochta ag Carraig Phiarais, Muiríne ag Céibh Meaghair, Saoráidí Spóirt Comhtháite ag Baile Liam, Clós Sugartha ag Ionad Pobail Bhuitléir agus Athfhorbairt Chéim 3 den People's Park.

FORFHEIDHMIÚ PLEANÁLA

Bhí gníomhaíocht shuntasach ar siúl sa bhliain 2005 a bhain le fiosrúchán faoi obair a tugadh faoi gan chead Pleanála nó le hobair a cuireadh i gcrích nach raibh ag teacht leis an gcead a bhí tugtha.

Cásanna fiosraithe	110
Litreacha Foláirimh eisithe	56
Fógraí Forfheidhmithe seirbheálta	35
Ionchúisimh Rathúla	3

I bhformhór na gcásanna ba é an toradh a bhí ar sheirbheáil Litreacha/Fógraí go ndearnadh iarratais pleanála chun na forbairtí a choimeád nó gur géilleadh le téarmaí an Fhógra. Tionscnaíodh caingean dlí i 10 gcás eile.

CEADÚNAIS D'IMEACHTAÍ FAOIN SPÉIR

Faoin Acht Pleanála teastaíonn ceadúnas má táthar ag reachtúil "outdoor events" ar scála mór. I 2005 phróiseáil Comhairle Cathrach Phort Láirge trí iarratas den chineál sin - Ceiliúradh Lá Fhéile Phádraig a reachtáladh ar 17 Márta 2005, Féile Spraoi a reachtáladh ar dheireadh seachtaine lá saoire bainc Lúnasa, agus ceann de na himeachtaí is mó agus is mó rath a reachtáladh sa chathair - Imeacht Rása na Long Airde i mí Iúil 2005.

RÁS NA LONG AIRDE

Is sa limistéar timpeall na gcéanna a bhí an imeacht ar siúl agus is éard a bhí ann clár ceoil, taispeántas, paráidí, aonaigh seo, gníomhaíochtaí uiscebhunaithe, cuairteanna loinge, margaidh ceirde agus bia, flaithiúlacht chorparáideach ar an láthair agus taispeántas tinte ealaíona tráthnóna an chlabhsúir. Ós rud é gurb é Comhairle Cathrach Phort Láirge a d'eagair an imeacht seo, d'ullmhaigh an Roinn Pleanála plean Bainistíochta Imeachta arbh iad Plean Bainistíochta Trácht agus Plean Sábháilteachta Uisce a shainchodanna agus bhí foireann sa Roinn gafa le reachtáil na himeachta.

SCÉIM RANNÍOCAÍOCHT FORBARTHA

I mí na Bealtaine 2002 ghlac Comhairle Cathrach Phort Láirge le Scéim Ranníocaíochta Forbartha ag éirí as Alt 48 den Acht Um Pleanail Agus Forbairt 2000. Tig le hÚdarás Pleanála agus cead pleanála á eisiúint aige coinníoll a cheangail leis go gcaithfí airgead a íoc faoin scéim i ndáil le bonneagar poiblí agus saoráidí a dhéanfadh leas forbartha sa chathair. Tá forbairt na cathrach ag brath ar sholáthar seirbhísí riachtanacha bonneagair agus is foinse tábhachtach airgeadais le haghaidh infheistíochta sa tseirbhís ar gearradh ar a son é an t-airgead a bhailítear ó Ranníocaíochtaí Forbartha.

Ba é €3,367,703 an teacht isteach iomlán ó ranníocaíochtaí forbartha sa bhliain 2005.

STIÚRADH OBAIR TÓGÁLA

Fuarthas 104 iarratas ar Theastais Sábháilteacht ar Dhóiteáin sa bhliain 2005. Rinneadh cigireacht ar 285 fhoirgneamh nua sa bhliain 2005 .i. 42% de na foirgnimh nua a cuireadh in iúl don Chomhairle Cathrach.

PLEANÁIL SUÍOMH IDIRLÍN

Tá eolas an-úsáideach ar fáil ar an suíomh lena n-áirítear 'A Guide to Making a Planning Application' agus 'A Guide to Protected Structures' agus Plean Forbartha na Cathrach. Tá mionsonraí faoi iarratais agus faoi chinntí pleanála ar fáil freisin. Tá teacht ar an suíomh ag www.waterfordcity.ie.



COSAINT CHOMHSHAOIL

"Caighdeán na Timpeallachta a chaomhnú agus a fheabhsú."

BAILIÚCHÁN BRUSCAR TEAGHLAIGH

Bhí Comhairle Cathrach Phort Láirge ag soláthar ar bhonn leanúnach do bhailiúchán Bruscar Teaghlaigh ó 16,000 teaghlach sa Chathair. Tá ráta athchúrsála de 51% bainte amach ag an gcóras bailiúcháin ar thaobh an bhóthair maille leis na bainc bhuidéil agus araile atá scaipthe ar fud na cathrach; is mar a leanas an briseadh síos de réir na gcineálacha difriúla bruscair.

Bruscar Iarmharach (Curtha chuig ionad líonta talún)	7672 tonna
Bruscar Orgánach (Bosca Bruscair Donn)	3647 tonna
Ábhar Tirim In-Athchúrsála (Bosca Bruscair Glas)	2488 tonna
Bainc Bhuidéil agus araile agus Suíomh Taitneamhach	1370 tonna

Rinneadh bailiúchán earraí Bána/Móra ó theaghlaigh go seasta i rith na bliana le timpeall agus 1100 bailiúchán.

BONNEAGAR DRAMHAÍOLA.

Bhí Ionad Líonta Talún Chill Bharra dúnta maidir le haon ghlacadh le dramhaíl ó Mhí Mheán Fómhair 2005 agus ba chuig ionad líonta talún Chomhairle Contae Cheatharlach ag Powerstown a tugadh an dramhaíl uile a bhí ceaptha d'ionad líonta talún ina dhiaidh sin. Tugadh faoi fheabhas a chur ar an ionad líonta talún ag Cill Bharra i rith na bliana le timpeall 30% den suíomh go hiomlán faoi chlúdú agus le córas sealadach bailiúchán agus lasta gáis ag feidhmiú at deireadh na bliana.

Tá an Áis Mhúirín ag an mBóthar Glas ag fáil dramhaíl ó Chomhairle Contae Phort Láirge i gcónaí chomh maith le dramhaíl thionsclaíoch ón gcathair. Rinneadh obair ullmhúcháin ar iarratas ar cheadúnas dramhaíola chun síneadh a chur leis an bplanda ag tús na bliana. Bhí Comhairle Contae Phort Láirge ag próiseáil ábhar tirim in-athchúrsála san Áis Téarnamh Ábhair i nDún Garbháin agus ag ionad Athchúrsála Clearpoint i gCarraig na Siúre.

Bailíodh níos mó ná 1,000 tonna ábhair in-athchúrsála tríd an mbonneagar 'tabhair leat' .i. ár Láithreán Fóntas Cathrach agus trí bhainc bhuidéal agus éidí agus méadaíodh líon na mbanc seo go 26 cinn sa Chathair ag deireadh na bliana. Chuaigh an Chomhairle i dtreo féinbhailiúchán maidir leis na bainc seo i rith na bliana le seirbhís níos fearr don phobal a chinntiú.

Cuireadh áiseanna ar fáil ag an Láithreán Fóntas Cathrach le haghaidh Dramhaíola Leictreonaí agus Aibhléise i gCill Bharra ag teacht le téarmaí Thionscnamh an Rialtais maidir leis an gcéanna.

GLANTACHÁN

Ag an searmanas bronnta gradam Irish Businesses Against Litter (IBAL) i mBhaile Átha Cliath an 12 Nollaig 2005 fógraíodh gurbh é Port Láirge an cathair ba ghlaine in Éirinn; léiríodh í bheith saor ó bhruscar agus tháinig sí isteach ag uimhir 7 ar an iomlán i suirbhé a rinneadh faoi 57 mbaile agus cathair in Éirinn. Tá an tsraith á reachtáil ag An Taisce i dteannta na Roinne Comhshaoil.

Chomh maith leis sin bhí an roinn gafa le soláthar seirbhísí sláintíochta le haghaidh imeachta na Long Airde i rith na bliana agus sheachaid seirbhísí do na sluaite ollmhóra a d'fhreastail ar an ócáid agus do na longa a tháinig ar chuairt chuici.



TIONSCNAIMH FEASACHTA AR CHOMHSHAOIL.

Cuireadh na tionscnaimh chomhshaoil seo a leanas ar aghaidh i rith na bliana.

- Bhí 13 cinn de Chlubanna Hasbro Litter Ranger ag obair sa Chathair ar bhonn leanúnach ag glanadh suas go rialta ina limistéir áitiúla féin agus rannpháirteach i ngníomhaíochta feasachta eile.
- Thug Comhairle Cathrach Phort Láirge tacaíocht ghníomhach arís do Ghlanadh Náisiúnta an Earraigh trí chabhair i bhfoirm threalaimh a thabhairt do Ghrúpaí Pobail agus trí ábhar a thabhairt chun bóthair.
- Bhí rath ar Chlár na Scoileanna arís i 2005 le go leor scoileanna ag glacadh páirt i réimse chainteanna agus cheisteanna faoin timpeallacht inar clúdaíodh athchúrsáil, dramhaíl agus fuinneamh.
- Ghlac 67% de bhunscoileanna agus 70% de mheánscoileanna páirt i gClár na Scoileanna Glasa i 2005. Reachtáladh seimineár Scoileanna Glasa i Mhí Mheán Fómhair chun rannpháirteachas a spreagadh agus chun cuidiú leis.
- Reachtáladh Comórtas Maisiúchán Nollag na mBunscoileanna in éindí le Race Against Waste Nollaig 2005 agus bhí comórtas póstaeir ar siúl sna bunscoileanna freisin; na póstaeir is fearr cuireadh isteach i bhFéilire Frithbhruscar Hasbro iad.
- Leathnaíodh Comórtas Dúshlán Pobail i 2005 chun teacht leis an gcomórtas Comharsanachtaí Cathrach náisiúnta. Cé go bhfuil catagóirí fós aige a leithéid Limistéir Cónaithe is Fearr agus an Scoil is Slachtmhaire cuimsíonn sé anois freisin Comharsanacht Cathrach is fearr agus Sráid Cathrach is Fearr etc.
- Ghlac líon scoileanna páirt i Seachtain Chrainn Náisiúnta i 2005 trí shearmanais phlandáil chrainn i bhfaiche na scoileanna a reachtáil.
- Le linn Seachtain Feasachta Fuinnimh i mí Mheán Fómhair 2005 bhí cainteanna scoile ar siúl faoi chineálacha inmharthana fuinnimh. Imríodh freisin Floorgame Fuinneamh Fhuinneamh Inmharthana Éireann ina raibh scoileanna ag obair chun Brat Fuinnimh a bhaint amach le haghaidh Chlár na Scoileanna Glasa. Reachtáladh comórtas póstaeir i gcomhar le Biúró Fuinneamh Phort Láirge ar ghlac bunscoileanna páirt ann agus comórtas aiste faoi fhuinneamh ar ghlac meánscoileanna páirt ann.
- Tugadh caint faoi Athchursáil do ghrúpaí ar spéis dóibh í lena n-áirítear grúpaí Óige, FÁS agus Focus Ireland. Thug an chaint sin ceisteanna a bhain le dramhaíl, an tábhacht le hathchursáil agus an próiseas athchursála chun suntais.

FORFHEIDHMIÚ

Sa bhliain 2005 gearradh níos mó ná 270 fíneáil "Ar an bhFód" de €125 i leith an Acht Bruscair agus tionscnaíodh 9 gcás cúirte mar gheall ar neamhíoc fíneálacha.

Bhí rath ar dhá Ionchúiseamh a tugadh faoin Acht um Bainistiú Dramhaíola a bhain le bailiúchán mídhleathach dramhaíola agus le feidmiú áis drámhaíola faoi seach. Chuidigh pearsanra Chomhairle Cathrach Phort Láirge le Líonra Forfheidhmithe Náisiúnta faoi choimirce an EPA.

SÁBHÁILTEACHT BHIA AGUS TRÉIDLIACHT

Déanann earnáil Tréadliachta Chomhairle Cathrach Phort Láirge de réir conartha leis an Údarás Sábháilteacht Bhia maoirseacht ar struchtúr agus ar obair sheamlais amháin ina dlínse agus ar thrí áitreabh Déantús Táirgí Feoil Neamhspleácha

SMACHTÚ MADRA

Feidhmíonn Comhairle Cathrach Phort Láirge dídean mhadra ag Carraig na bhFraochán, Port Láirge ar son na Cathrach agus an Chontae. I 2005 cuireadh ar ais chuig a n-úinéir nó chuig úinéir nua 238 madra. Eisíodh 1388 gceadúnas madra i rith na bliana 2005.

SEIRBHÍS DÓITEÁIN NA CATHRACH

Cuireann Seirbhís Dóiteáin Chathair Phort Láirge seirbhísí dóiteáin agus tarrthála ar fáil do Chathair Phort Láirge agus do Limistéir sonraithe i gContae Phort Láirge agus i gContae Chill Chainnigh.

AIDHMEANNA

- Freagairt d'ardchaighdeán i gcás tine agus i gcásanna éigeandála, lena n-áirítear géarchéimeanna ollmhóra.
- An dochar a dhéanann tine agus éigeandálaí eile do bheatha daoine, do mhaoin sealbhais agus don timpeallacht a laghdú trí chlár éifeachtúil coisc.
- Póilíneacht éifeachtúil a dhéanamh ar an timpeallacht chomh fada is a bhaineann sé le foirgnimh.
- Cultúr sábháilteachta a chur chun cinn sa phobal.

OIBRIÚCHÁIN

Tá 50 duine fostaithe sa tSeirbhís. Tá an tseirbhís faoi stiúir an Phríomhoifigigh Dhóiteáin agus tá sí lonnaithe i Stáisiún Dóiteáin lárnach i Sráid Catherine.

TEAGMHAIS A NDEARNADH FREASTAL ORTHU I 2005.

Glaonna ar Sheirbhís Dóiteáin	618
Seirbhísí Speisialta	180
Aláraim Bhréige	126
Glaonna Bréige	39
IOMLÁN	**963**

COSC DÓITEÁIN

Bíonn sé de chúram ar an earnáil Chosc Dóiteáin comhairle a thabhairt agus moltaí a dhéanamh maidir le sábháilteacht ó dhóiteán i bhfoirgnimh nua agus cigireacht a dhéanamh ar fhoirgnimh atá ann cheana féin. Cuimsíonn sin chomhairle a sholáthar faoi Iarratais Phleanála agus iarratais ar Theastas Sábháilteacht ar Dhóiteán a phróiseáil. I rith na bliana 2005 déileáladh le 201 Iarratas Pleanála agus le 106 Teastas Sábháilteacht ar Dhóiteán.

De bhreis, dhéileáil an Earnáil Chosc Dóiteáin le:

- 138 iarratas a fuarthas sa bhliain 2005 ar cheadúnais le haghaidh pubanna, hallaí damhsa/disco, clubanna, bialanna agus áitreabh le haghaidh cluiche cearrbhachais agus crannchur.
- hEisiúint cheadúnas do stáisiúin pheitril.
- Ceadúnas le haghaidh taispeántais Tinte Ealaíona.
- Cigireacht ar fhoirgnimh a raibh cónaí iontu cheana féin.

SÁBHÁILTEACHT AR DHÓITEÁN A CHUR CHUN CINN

Ghlac an tSeirbhís dóiteáin páirt i gcainteanna, i seimineáir, i taispeántais agus i tionscnaimh eile chun aird a tharraingt ar an mbaol a bhaineann le tine agus chun comhairle a thabhairt maidir le nósanna imeachta sábháilteachta ar gá cloí leo chun teagmhas agus scaipeadh tine a chosc agus na gníomhartha is gá sa chás go dtarlaíonn tine. Tugadh cuireadh freisin do bhaill an phobail cuairt a thabhairt ar an stáisiún dóiteáin. Tugadh cuairt ar bhunscoileanna uile na cathrach mar chuid den chlár reatha maidir le cur chun cinn sábháilteacht ar dhóiteán

RUDAÍ EILE FREASTAL AR THEAGMHAIS

Cuireadh cumhdach lánaimseartha de ló is d'oíche i bhfeidhm i rith na bliana 2005. Cinnteoidh sin go dtiocfaidh feabhas suntasach ar am freagartha ar ghlaonna éigeandála amach anseo.

COSAINT SHIBHIALTA

AIDHMEANNA COSANTA SIBHIALTA I RITH NA BLIANA 2005

- Freagairt a thabhairt ar thubaistí agus ar ghéarchéimeanna ollmhóra.
- Freagairt a thabhairt ar riachtanais phobail mar atá siad leagtha amach i gclár na Roinne Cosanta "Towards 2000".

I rith na bliana d'fhreastail níos mó ná 50 ball den Chosaint Shibhialta ar cleachtais oiliúna lena n-áirítear, Láimhseáil Taismigh, Garchabhair, Tarrtháil, Leas an Phobail, Seirbhís Dóiteáin Cúnta agus Maor. Ina theannta sin ghlac na baill páirt i gcomórtais áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta agus bhaineadar amach ardchaighdeáin feidhmíochta. Sheas Port Láirge ina óstach ar chleachtais Cosanta Sibhialta Náisiúnta i rith na bliana 2005.

Tá Cosaint Shibhialta Chathair Phort Láirge feistithe le scuaidrín feithiclí lena n-áirítear otharcharr, mionbhus, trucailí, inneall dóiteáin agus bád tarrthála.

D'fhreastail an Eagraíocht ar mhéid áirithe gníomhaíochtaí tacaíochta pobail i rith na bliana agus bhí páirt mhór á himirt aici le linn Rása na Long Airde ag cinntiú na sábháilteachta pobail.

Is san Ionad Cosanta Sibhialta i Sráid Green a bhíonn an oiliúint ar siúl agus chuirtear fáilte roimh bhaill nua i gcónaí. Déan teagmháil leis an Oifig Cosanta Sibhialta ag an Stáisiún Dóiteáin, Sráid Catherine má tá tuilleadh eolais ag teastáil uait. (Uimh. Teil. 872656) (Féach freisin www.civildefence.ie).

Pobal agus Fiontar

POBAL AGUS FIONTAR

BORD FORBARTHA CHATHAIR PHORT LÁIRGE

Trí choistí éagsúla Bhord Forbartha Chathair Phort Láirge cuireadh ar aghaidh líon áirithe de thionscnaimh, rud a thagann le cuspóirí Straitéis Bhord Forbartha na Cathrach i leith Fhorbairt Chultúrtha Sóisialta agus Eacnamúil Chathair Phort Láirge 2002 - 2012.

Cruthaíonn an Coiste Bainistíochta Eacnamúil timpeallacht inar féidir le ceannairí gnó áitiúla idéanna, smaointe agus moltaí a phlé maidir leis an mbealach ar féidir le Port Láirge timpeallacht le haghaidh forbairt ghnó a fheabhsú.

D'fhoilsigh an Coiste um Bearta Cuimsitheacht Shóisialta tuairisc faoi thaighde tábhachtach a bhain le soláthar Seirbhísí do na Dífhostaithe agus bhí doiciméadú faoi sin i mbróisiúr arbh fhusa tagairt a lorg ann. Tá obair i gcomhar leis an earnáil phobail agus forbartha áitiúla sa Chathair ag dul ar aghaidh i gcónaí chun seirbhísí seachadta a fheabhsú agus chun aghaidh a thabhairt ar na bearnaí i limistéir gheografacha agus laistigh de spriocghrúpaí.

AONAD CUIMSITHEACH SÓISIALTA

Is é an tAonad Cuimsitheach Sóisialta a chothaigh agus a chuir chun cinn ar bhonn leanúnach tuiscint faoi cheisteanna rochtana a bhain le daoine faoi mhíchumas. D'oibrigh an tAonad i dlúthpháirtíocht leis an Roinn Acmhainní Daonna ag ullmhú iarratais le haghaidh na nGradam Cumais O2. Tá na gradaim ceaptha dóibh siúd a léiríonn an cleachtas is fearr i dtaca le haitheantas a thabhairt don méid is féidir le daoine faoi bhac a dhéanamh sa saol gnó agus i saol Chathair Phort Láirge. Bhí rath ar an gComhairle Cathrach sna réimsí Cleachtas is fearr a bhaineann le h earcú / roghnú agus le ceannaireacht.

RÁITEAS BARCELONA

Chuir Comhairle Cathrach Phort Láirge Ráiteas Barcelona i bhfeidhm ar bhonn leanúnach i rith na bliana 2005. Cuireadh roinnt gníomhartha céim ar aghaidh lena n-áirítear óstáil Chomhdhála Náisiúnta faoin téama "Inclusive Design and Building for All" le Conaidhm Thionscal na Tógála. Rinneadh uasghrádú freisin ar an mbealach ó Cheshire, Port Láirge go dtí Lár na Cathrach lena chinntiú go raibh na Trasbhóthair choisithe uile miasach mar is ceart agus feistithe le pábháil thadhlach. Bhí grúpa de sé mhac léinn dhéag san idirbhliain bainteach le tionscadal Oiliúna Feasachta Míchumais.

GLÓR NA N-ÓG

Tháinig Glór na n-Óg, Coiste Óige Chathair Phort Láirge le chéile ar bhonn leanúnach i 2005. Iad siúd a bhí faoi bhun 13 bhíodar gafa le comhairliúcháin mar chuid de Pholasaí Súgartha Chomhairle Cathrach Phort Láirge. Thaistil trí bhall go dtí Bhaile Átha Cliath freisin chun páirt a glacadh i nDáil Na nÓg náisiúnta a bhí ar siúl i bPáirc an Chróchaigh agus ar ar fhreastal ionadaithe ó na 34 údarás áitiúla maraon leis an Aire Stáit ag an Roinn Sláinte agus Leanaí Brian Lenihan.

RAPID

Rinne Clár RAPID Phort Láirge athbhreithniú ar an gclár áitiúil i 2005. Tógann Clár Gníomh Rapid Chathair Phort Láirge 2005-2007 ar Chlár RAPID Phort Láirge (2001-2004). Tá na trí Bheart Straitéiseacha sa Phlean Gnímh bunaithe ar thosaíochtaí a tugadh chun aitheantais sa phróiseas athbhreithnithe;

(i) Tacú le páirtíocht Phobail
(ii) Straitéis Limistéarbhunaithe
(iii) Comhordú Seachadadh Seirbhíse

Gníomhaíochtaí tábhachtach atá ag dul ar aghaidh i dtaca leis sin is ea cur i bhfeidhm phlean Limistéir Larchville Lios Dúgáin (LLAP), phlean Limistéir an Bhaile Bhig agus Charraig an Aird agus Chill Barra (BACK) agus chur chun cinn plean le haghaidh limistéar Lár na Cathrach.
Chuidigh Scéimeanna Ardaithe RAPID freisin le hathnuachan limistéir trí chionrannta rathúla a chur ar fáil do Chomhairle Phort Láirge faoin Scéim Feabhsúchán Eastáit 2005 le haghaidh athchóirithe ar Pháirc Wyse agus le haghaidh forbartha ar limistéar páirce do Bhaile Beag. Beidh na cionrannta Scéim Clós Súgartha 2005 le haghaidh forbairt saoráide i gCearnóg an Bhóthar Iarainn críochnaithne faoi lár na bliana 2006. Thug scéim Ardaithe Sábháilteachta Tráchta deis do Chomhairle Cathrach Phort Láirge breis infheistíocht a dhéanamh sna limistéir RAPID de Chathair Phort Láirge, rud a chúplálann leis an tosaíocht a thugann sí dá hacmhainní féin i leith na limistéir ainmnithe. Mar choimitmint bhreise i leith athnuachan inmharthana na limistéar RAPID dáileadh €200,000 ar Chomhairle Cathrach Phort Láirge faoi Scéim CCTV le haghaidh córas CCTV laistigh de limistéir phoiblí an Bhaile Bhig, Larchville Lios Dúgáin agus na Cathrach Laistigh. Dáileadh deontas féidearthachta freisin chun an poitéinseal le haghaidh CCTV Pobail laistigh de na heastáit RAPID a fhiosrú.

CARTLANNA AGUS BAINISTÍOCHT TAIFID
1. CARTLANNA NA CATHRACH:
Líon na dTaighdeoirí: Thug 194 thaighdeoir 262 chuairt ar an Seomra Léitheoireachta i rith na bliana.

CEISTEANNA TAIGHDE:
I rith na bliana 2005 d'fhreagair Cartlannaí na Cathrach agus an fhoireann 380 ceist shubstainteacha. A bhformhór sin (69%) is leis an ríomhphost a tháinig siad agus is leis freisin a seoladh an freagra ar ais. Tá an líon sin thuas 66% ón mbliain 2004

SUIRBHÉANNA:
Níos luaithe sa bhliain rinneadh obair leantach ar shuirbhé na bliana 2004 ar thaifid dlíodóirí sa chathair. Rinneadh suirbhéanna caomhnaithe de Leabhair Mhiontuairiscí Bhardas Phort Láirge agus de thaifid Choimisiún Calafoirt freisin.

ROCHTAIN:
- Ba é Bailiúchán Grianghrafadóireachta Annie Brophy an éadáil is suntasaí a fuarthas isteach i rith na bliana. An bailiúchán suntasach sin de chlaonchlóanna (a dhéanann droichead idir na fichidí agus na seachtóidí den fichiú aois), is croinic thábhachtach é den saol i Phort Láirge ar feadh tréimhse fada den aois sin.

Ar na rochtain eile áirítear:
- Taifid Bunscoileanna Presentation, 1880-1964.
- Mapa Chathair Phort Láirge ón naoú haois déag luath.
- Ábhar breise an Chumainn Tráchtála.

TAISPEÁNTAIS:
Bhí an chéad taispeántas d'íomhánna ó Bhailiúchán Brophy A Photographic Ramble Through Old Waterford ar siúl i Leabharlann na Cathrach, Lána Lady i mí Mheán Fómhair.

SUÍOMH IDIRLÍN:
7,720 "amas " a fuair leathanaigh shuíomh idirlín Chartlann na Chathrach i rith na bliana.
Gníomhaíochtaí Eile
- I rith na bliana 2005 a bhuíochas deontais ón gComhairle Oidhreachta cuireadh Leabhair Mhiontuairiscí Chomhairle Cathrach Phort Láirge i mboscaí nua.
- Ullmhaíodh liosta tuairisciúil iomlán de thaifid Chumann Tráchtála i rith na bliana.
- Bhí iontráil sonraí de thaifid ardúsáide ar siúl ar bhonn leanúnach i rith na bliana 2005.

AISGHABHÁIL CHOMHAID:
Rinneadh 383 Aisghabháil Chomhaid san Ionad Taifid i rith na bliana 2005.

NA HEALAÍONA

- Bhí Gailearaí Ealaíne Greyfriars ina óstach ar bhonn leanúnach do thaispeántais éagsúla i rith na bliana 2005.
- Ar bhuaicphointí na bliana 2005 áirítear: an taispeántas "Call of the Running Tide" - cion an Ghailearaí i ndáil le Féile na Long Airde lena n-áirítear:
- Sárshaothar na cathrach "Waterford 1736" le Van Der Hagan, deontas ceithre phéinteáil de long tráchtála seoil Phort Láirge ó theaghlach Spencer.
- Ar thaispeántais eile bhí "Past Present" - taispeántas scaoilte inar ceadaíodh d'ealaíontóirí saothar a chur isteach; cuireadh na saothar i láthair taobh le taobh le heilimintí ó Bhailiúchán na Cathrach darbh é an Dochtúir P. Jordan an feighlí.
- Is é an taispeántas "Natural History" de Blawnin agus Rayleen Clancy a chuir deireadh leis an mbliain.
- Cuireadh saoráidí ar fáil do Dráma Óige Phort Láirge sa bhfoirgneamh pobail ag forbairt tithíochta na Comhairle Cathrach ag an mBeairic Mhíleata.
- Sheas Aonad Goradán na n-Ealaíon ina óstach don Fhéile Imagine agus chuir acmhainní ar fail freisin do 5 cinn d'eagraíochtaí ealaíon agus do thrí ealaíontóir lena n-áirítear Sofa Records
- 21 léiriú a bhí ag Artbyte in ionaid choinne ar fud na cathrach lena n-áirítear na Leabharlanna, An Seomra Mór, Plaza William Vincent Wallace agus People's Park.
- Bhí an Fhéile Scríbhneoirí Sean Dunne is mó riamh ar siúl i 2005; tháinig údair ó áiteanna chomh fada i gcéin le Talamh an Éisc chun bheith i láthair ann. Ina dhiaidh sin ghnóthaigh an Fhéile an Duais Arts & Entertainment ó WLRFM/Bausch & Lomb a bhfuil ardcháil ag dul leis.
- Dréachtadh Plean na n-Ealaíon 2005 - 2009.

TÁSCAIRÍ SEIRBHÍSE – EALAÍONA AGUS CULTÚR

A & C I Deontais Ealaíon
- líon na ndeontas Ealaíon leithdhálta 55
- líon iomlán na ndeontas ealaíon leithdhálta in aghaidh 1000 den daonra 3479.47

SEIRBHÍSÍ FÓILLÍOCHTA

Rec 1 Líon clós súgartha páistí in aghaidh 1000 den daonra .089

RANNPHÁIRTEACHAS POBAIL

CP1 Céatadán na scoileanna áitiúla gafa leis an gComhairle Óige áitiúil: 46.9%

FÓILLÍOCHT AGUS TAITNEAMHACHT

PÁIRCEANNA AGUS SPÁSANNA OSCAILTE

Caitheadh níos mó ná €200,00 le Trealamh Dúgartha feabhsaithe a cheannach sa chlós súgartha i bPáirc Fearann tSeoinín. San athfhorbairt atáthar á dhéanamh ar an Peoples Park tá tograí le haghaidh áit súgartha do thacráin agus do pháirc chlár scátála agus tá obair faoi limistéar imeartha faoi lán seoil.
Cuireadh tús i 2005 le próiseas chun glacadh le Fodhlithe le haghaidh páirceanna agus spásanna oscailte na Cathrach lena chinntiú go mbainfidh gach úsáideoir taitneamh as na saoráidí sin.

POLASAÍ SÚGARTHA

Ghlac Comhairle Cathrach Phort Láirge leis an bPolasaí Súgartha agus Plean Forfheidhmithe 2005-2009. Sa Pholasaí Súgartha léirítear ocht gcinn de chuspóirí tábhachtacha agus réimse leathan de ghníomhartha nuálacha chun breis feabhais a chur ar dheiseanna súgartha agus fóillíochta do pháistí 12 bhliain d'aois agus níos lú sa chathair.

CÚRSA GAILF BHAILE LIAM

20,000 uair a chuathas timpeall an chúrsa sa bhliain 2005 in ainneoin na hoibre feabhsúcháin atá ar siúl i gcónaí agus na dtréimhsí fada drochaimsire.
Tá staid an chúrsa tríd is tríd ag tarraingt go leor caint fabhrach i gcónaí ó úsáideoirí fadtéarmacha agus ó úsáideoirí fánacha.

LÁRIONAD SPÓIRT RÉIGIÚNAIGH

Tairgeann an Lárionad Spóirt Réigiúnaigh raon leathan d'áiseanna chun freastail ar an iliomad spórt in áit lárnach.

- Tá spás sa seastán mór do 1250 duine suite den lucht féachana.
- Déanann an raon reatha agus na háiseanna páirce riar ar imeachtaí uile raoin agus páirce.
- Baineann Waterford United FC úsáid as an bpáirc peile atá feistithe le tuilsholas nua-aimseartha le haghaidh cluichí sraithe Eircom agus bhí an páirc ina óstach freisin d'imeachtaí sacair idirnáisiúnta. Tá sí in úsáid freisin le haghaidh an tSraith Shóisearach áitiúil.
- Déanann Páirc Scátála a cuireadh i bhfearas i 2002 freastal ar lucht na gclár scátála, lucht B.M.X.

Cuireadh i gcrích an próiseas pleanála le haghaidh halla ilchuspóireach agus linn snámha chomh maith le háiseanna folláine nua-aimseartha a bheidh lárnach san fhorbairt nua chun riar ar riachtanais na sochaí nua-aimseartha de réir mar a athraíonn siad. Tá cuid den airgeadú faighte ó Chlár Caipiteal Spórt an Rialtais agus ó Fhuinneamh Inmharthana na hÉireann agus is mar chomhfhiontar i gcomhar leis an earnáil phríobháideach a bheidh an tionscadal á sheachadadh.

PÁIRTÍOCHT SPÓIRT PHORT LÁIRGE

Is i Halla na Cathrach atá oifig chathrach Pháirtíocht Spóirt Phort Láirge bunaithe agus is ansin a eagraítear cúrsaí, a chuirtear eolas agus airgeadú forbartha ar fáil agus a thugtar cúnamh do chlubanna, do scoileanna, do dhaoine fásta atá ag éirí sean agus do ghrúpaí cúram leanaí.

- I 2005 reachtáladh ceithre Chúrsa Leas Páiste, dhá chúrsa SAQ, cúrsa Garchabhair chomh maith le Ceardlann Gníomhaíocht Fisiciúil Curtha in Oiriúint agus Seimineár faoi na Meáin, PR agus Urraíocht le haghaidh grúpaí spóirt agus scoileanna na Cathrach.
- Reachtáladh Féile Spóirt do Dhaoine Fásta atá ag éirí Sean agus sraith cheardlanna chun oiliúint a chur orthu i ndáil le gníomhaíochtaí oiriúnacha.
- Cuireadh oiliúint agus trealamh ar fáil do scoileanna tríd an gclár Buntus chun cabhrú leo curaclam gníomhaíocht fisiciúil bunaithe ar scil agus spraiúil a chur chun cinn agus chun marcanna sa chlós súgartha dá ndaltaí a fhorbairt.
- Reachtáladh Blits Peile Ban le haghaidh scoileanna agus clubanna. Tugadh cabhair i bhfoirm chomhairliúcháin do dhaoine aonair agus seimineár oscailte do Chlubanna Spóirt a bhí ag cur iarratas isteach le haghaidh airgeadú Caipiteal rialtais. Spreagann an Clár Gníomhaíochta san Ionad Oibre daoine le bheith níos gníomhaí san ionad oibre.

SEIRBHÍS LEABHARLAINNE CHOMHAIRLE CATHRACH PHORT LÁIRGE

Taifeadadh 194,609 daoine ag tabhairt cuairte ar an bPríomhleabharlann i Lady Lane sa bhliain 2005 agus eisíodh 403,180 ítim tríd an tseirbhís i 2005.

Ar bhuaicphointí na bliana 2005 áirítear:

- Gnóthaigh an Príomhleabharlann an Duais ardcháile CILIP le haghaidh Leabharlanna sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn sa chatagóir Leabharlann mar "Heart of the Community".
- Ghnóthaigh an Príomhleabharlann an Duais RIAI i 2005
- Chuir Comhairle Cathrach Phort Láirge airgeadú ar fáil chun an Leabharlann ar Bhóthar Brown a uasghrádú rud a d'fhág gur leabharlann níos aeraí níos nua-aimseartha atá inti anois a bhíonn ag freastal ar an taobh sin den chathair.

Ar bhuaicphointí na n-imeachtaí agus na dtaispeántas i rith na bliana áirítear:

- Lainseáil suíomh idirlín an phobail, Ardkeen ar líne.
- Taispeántas Port Works de ghrianghraif le linn Fhéile Rása na Long Airde
- Imeacht eile a bhí thoradh thar na bearta uirthi ba ea an Fhéile "Alternative August" in Ardkeen; líon an lucht féachana an ionad cruinnithe ag na cainteanna agus ag na ceardlanna uile a bhí ar an sceideal.
- Leathnaíodh clubanna leabhar do dhaoine fásta agus a mhacasamhail don aos óg agus táthar ag rith clubanna obair bhaile go rathúil i Leabharlann Ardkeen.

STAITISTICÍ

Baill 2005	12,632
Eisíochtaí 2005	403,180
Leabhair Choimeádta 2005	159,728
Seisiúin Idirlín Uair an Chloig ar fhad; Úsáid i 2005	68,825

TIONSCADAIL NÁISIÚNTA
TIONSCADAL TAIGHDE ILCHULTÚRTA

Tá sé tugtha chun críche agus tá tuarascáil curtha isteach a bheidh lainseáilte go náisiúnta go luath i 2006. Tá bróisiúir eolais leabharlainne ilteangacha in ocht gcinn éagsúla de theangacha ar fáil anois sna brainsí uile.

TIONSCADAL LIFESTEPS

Chuidigh Seirbhís Leabharlainne Chomhairle Cathrach Phort Láirge leis an tionscadal náisiúnta seo i 2005 trí threoir d'acmhainní idirlín faoi gharraíodóireacht a chur ar fáil.

ARDKEEN AR LÍNE

Is tionscadal náisiúnta é seo a lainseáladh i mí Eanáir 2005 agus a thugann deis do dhaoine in Ardkeen suímh idirlín a chruthú agus deis do ghnóthaí fógraí a chur amach agus deis do ghrúpaí áitiúla úsáid a bhaint as an gclár fógra pobail ag Ardkeen .ie.

DEONTAS BUNSCOILE NA ROINNE OIDEACHAIS

Chuir méadú speisialta sa deontas dálta le haghaidh leabhar leabharlainne do bhunscoileanna ar chumas 5,451 dalta scoile leas a bhaint as an scéim. Ba é €24,837.40 an chionroinnt le haghaidh Leabharlann Chathair Phort Láirge chun dáileadh ar scoileanna (€4.55 in aghaidh an dalta). Ina theannta sin dáileadh deontas de €10,020 faoi choinne na hócáide ar chúig bhunscoil i bPort Láirge i 2005 a chuaigh chun leasa gach páiste sna scoileanna sin sa mhéid is go bhfuair gach dalta suim airgid de €6.00.

TÁSCAIRÍ SEIRBHÍSE - SEIRBHÍSÍ LEABHAIRLAINNE

1.1. Uaireanta oscailte don phobal
- uaireanta oscailte ar an meán in aghaidh na seachtaine ag leabharlanna lánaimseartha 50
- uaireanta oscailte ar an meán in aghaidh na seachtaine ag leabharlanna páirtaimseartha 21

1.2 Líon cláraithe úsáideoirí leabharlainne mar chéatadán den daonra áitiúil 28.5%
1.3 Líon na n-ítimí eisithe in aghaidh duine den daonra (cathair): Leabhair 6.6 Ítimí eile 2.4
1.4 Céatadán na leabharlanna ina bhfuil teacht ag an bpobal ar an idirlín 100%
1.5 Líon na seisiún Idirlín in aghaidh 1000 den daonra 1431

Scéalaíocht ag leabharlann Ardkeen.

LÁ FHÉILE PHÁDRAIG

Bhí ceiliúradh Lá Fhéile Phádraig 2005 arbh é an Chomhairle Chathrach a phríomheagraí curtha in oiriúint don teaghlach. Bhí bealach nua socraithe don fhéile agus bhí níos mó ná 40,000 duine i láthair rud a chuaigh chun sástachta na n-eagraithe

RÁS NA LONG AIRDE

Bhí an fhoireann Phobail agus Fiontair ag obair ar an gcúlráid ag chuidiú le Rás na Long Airde trí chomhordú a dhéanamh ar bheathú nach mór 500 oibrithe deonacha lena n-áirítear Oifigigh Teagmhála, lucht Cosanta Sibhialta, foirne Seirbhísí Croise Deirge agus Otharchairr. Chinntigh roinnt bhall foirne go mbeadh rath thar na bearta ar an dá lá spóirt faoi choinne bhaill an chriú trína gcuid ama agus saineolais a ofráil do ghníomhaíochtaí difriúla spóirt.

SEIRBHÍSÍ DO DHAOINE ATÁ AG DUL IN AOIS

Choinnigh an tAonad Cuimsitheach Sóisialta agus RAPID ag obair ar bhonn leanúnach chun teacht le riachtanais daoine sa chathair atá ag teannadh amach sna blianta. Mar chuid den Fhéile Bhealtaine bhí Aifreann á cheiliúradh ar Fhaiche Bhaile Bhricín. Bhí na Damhsaí Té ar glacadh leo go fonnmhar ar siúl ar bhonn leanúnach sa Seomra Mór i Halla na Cathrach.

Scríbhnísí Airgeadais

SEIRBHÍSÍ AIRGEADAIS

Córais airgeadais a fhorbairt chun bainistíocht éifeachtach acmhainne a chur chun cinn lena n-áirítear uasmhéadú ar ioncaim agus chun cur i bhfeidhm polasaithe agus cuspóirí iomlána na cathrach a chinntiú.

ACHOIMRIÚ AIRGEADAIS DO 2005 (DRÉACHTFHIGIÚIRÍ)

Achoimriú Cuntas Ioncaim:	2005 € million	2004 € million
Iarmhéid Tosaigh an 1 Eanáir	**-1.0**	**-1.1**
Caiteachas don Bhliain	46.5	42.9
Aistrithe do Chúlchistí	1.4	1.3
	47.9	**44.2**
Ioncam don Bhliain		
Deontais Stáit	16.1	14.9
Earraí agus Seirbhísí	16.1	14.8
Rátaí Tráchtála	15.9	14.6
	48.1	**44.3**
Farasbarr/Easnamh sa Bhliain	0.2	0.1
Iarmhéid Deiridh ar 31 Nollaig	**-0.8**	**-1.0**
ACHOIMRIÚ AN CHLÁIR CHOMHARDAITHE		
Sócmhainní Seasta	748.6	696.2
Obair ar Siúl	190.6	122.8
Fiachóirí Fadtéarmacha	49.6	52.0
Sócmhainní Reatha	37.0	21.1
	1025.8	**892.1**
Creidiúnaithe Fadtéarmacha	57.7	57.8
Fiachais Reatha	31.4	7.4
	89.1	**65.2**
Sócmhainní Glan	**936.7**	**826.9**
A chuimsíonn:		
Cúntas Caipitlithe	748.6	696.1
Obair ar Siúl	170.7	120.3
Cúlchiste Ioncaim Ginearálta	-0.8	-1.0
Cúlchiste Ioncaim Sonrach	0.3	0.7
Comharduithe Eile	17.9	10.8
	936.7	**826.9**

Bhí an Caiteachas ar Ioncam sa bliain 2005 9.7% níos airde ná sa bhliain 2004.

€63.6 milliún an caiteachas ar Chuntas Caipitil i 2005 i gcomparáid leis an bhfigiúr €53.6 i 2004.

Acht um Íoc Pras Cuntas 1997

Tá sé dlite ar Chomhairle Cathrach Phort Láirge géilleadh le téarmaí an Achta seo. I rith na bliana 2005 rinne an Chomhairle Chathrach gach arbh fhéidir léi go réasúnach a dhéanamh chun í féin a sheachaint ar neamhghéilliúntas ábharach i leith an Achta agus tá nósanna imeachta oiriúnacha leagtha síos aici dá réir. Tá €2,511 dlite i dtaca leis sin

Stated figures are subject to audit.

Aguisín

IONADAÍOCHT NA COMHAIRLE AR CHOMHLACHTAÍ SEACHTRACHA AGUISÍN 1

REACHTÚIL

Comhlachas Údarás Bardasach na hÉireann (CUBE)
- Cllr. J. D'Arcy
- Cllr. L. O'Neill

Bord Fiontar na Cathrach
- Cllr. J. Darcy
- Cllr. H. Quinlan
- Cllr. D. Cullinane
- Cllr. M. O Halloran

Comhairle Choiste Gairmoideachais Chathair Phort Láirge - Comhairle Choiste Oideachais
- Cllr. M. Roche
- Cllr M. O'Halloran
- Cllr. J. Darcy
- Cllr. S. Ryan
- Cllr. L. O'Neill
- Cllr. T. Murphy
- Cllr. J. Kelly
- Cllr. D. Walsh
- Cllr. J. Walsh

Cumann na gComhairlí Contae agus Cathrach
- Cllr. P. Hayes
- Cllr. D. Daniels
- Cllr. H. Quinlan

I.P.B.M.I. Ltd
- Cllr. D. Daniels

Cumann Baill Údaráis Áitiúil (CBUA)
- Cllr. Pat Hayes

Cóiríocht Lucht Siúil Áitiúil Coiste Comhairliúcháin
- Cllr. D. Walsh
- Cllr. D. Cullinane
- Cllr. J. D'Arcy

Údarás Turasóireachta an Oir-Dheiscirt
- Cllr. H. Quinlan

Údarás Turasóireacht Réigiúnach an Oir-Dheiscirt (Coiste Tuarasóireachta an Chontae)
- Cllr. H. Quinlan

Údarás Réigiúnach an Oir-Dheiscirt
- Cllr. M. Roche
- Cllr. L. O'Neill
- Cllr. D. Walsh
- Cllr. M. O Halloran
- Cllr. S. Ryan

Coiste Oibríochtúil Údarás Réigiúnach an Oir-Dheiscirt (Feidhmeanna Cúnamh AE)
- Cllr. M. Roche

Tionól Réigiúnach an Oirthir agus an Deiscirt
- Cllr. M. O Halloran

Comhpháirtíocht Limistéar Phort Láirge
- Cllr. M. Roche
- Cllr. J. Darcy
- Cllr. M. O Halloran

Cuideachta Chaladhphort Phort Láirge
- Cllr. T. Cunningham

EILE

Barker Art Centre Co. Ltd
- Cllr. T. Cunningham
- Cllr. P. Hayes

Bord Garter Lane
- Cllr. P. Hayes

Otharlann Chathrach agus Chontae
- Cllr. D. Daniels

On Track an Oir-Dheiscirt
- Cllr. L. O'Neill

South Eastern Airport Co. Ltd
- Cllr. M. Roche
- Cllr. J. Walsh
- Mr. C. Murray (City Manager)

Theatre Royal Friendly Society Ltd
- Cllr. L. O'Neill
- Mr. T. O'Sullivan
- Cllr. J. D'Arcy
- Cllr. M. O Halloran
- Mr. C. Murray, City Manager

Lárionad Fiontar Chathair Phort Láirge
- Cllr. J. D'Arcy

PLC Aerfort Réigiúnach Phort Láirge
- Cllr. T. Cunningham
- Mr. C. Murray (City Manager)

COISTE POLASAÍ STRAITÉISIGH
AGUISÍN 2

IOMPAR AGUS BONNEAGAR

- Comhairleoir D.Daniels, Cathaoirleach
- Comhairleoir H. Quinlan
- Comhairleoir T. Cunningham
- B. Monaghan Forbairt/Tógail
- Marie Power, Fóram Pobail
- Comhairleoir M. Roche
- Comhairleoir L. O'Neill
- Comhairleoir D. Walsh
- Philip Myler, Ceardchumann
- Liam Fennelly, Gnó/Tráchtáil

FORBAIRT EACNAMÚIL AGUS PLEANÁIL

- Comhairleoir T. Cunningham, Cathaoirleach
- Comhairleoir D. Walsh
- Comhairleoir J Halligan
- Marie Alyward,- Gnó/Tráchtáil
- Stephanie Taheny - Forbairt/Tógáil
- Rita Canney – Ionadaí Fóram Pobail
- Patrick Keneally - Fóram Pobail
- Comhairleoir M. Roche
- Comhairleoir M. O Halloran
- Comhairleoir J D'Arcy

COMHSHAOL

- Comhairleoir J Halligan, Cathaoirleach
- Comhairleoir J Walsh
- Comhairleoir T. Murphy
- Jody Power - Ionadaí Fóram Pobail
- Ray McEvoy - Gnó/Tráchtáil
- Comhairleoir D. Daniels
- Comhairleoir D. Cullinane
- Comhairleoir J Kelly
- Siobhan Dowling, Fóram Pobail

TITHÍOCHT

- Comhairleoir P. Hayes, Cathaoirleach
- Comhairleoir J Walsh
- Comhairleoir D. Cullinane
- Patrick McCarthy - Fóram Pobail
- Alan Murphy - Forbairt/Tógáil
- Comhairleoir S. Ryan
- Comhairleoir T. Murphy
- Comhairleoir J Kelly
- Marian Murphy - Fóram Pobail

FORBAIRT CHULTÚRTHA SHÓISIALTA AGUS PHOBAIL

- Comhairleoir S. Ryan, Cathaoirleach
- Comhairleoir H. Quinlan
- Comhairleoir J. D'Arcy
- J O'Connor - Fóram Pobail
- Teddy Guilfoyle - Fóram Pobail
- Comhairleoir M. O Halloran
- Comhairleoir S. Ryan
- Comhairleoir P. Hayes
- Joe Kelly - Ceardchumann

IONADAÍOCHT CHOMHALTAÍ AG COMHDHÁLACHA 2005
AGUISÍN 3

1	26-27/01/'05	Irish Academy of Public Relations, Caidreamh Poiblí agus an Ionadaí Tofa
2	28-29/01/'05	Cumann Turasóireachta an Chláir agus Bardas Buirge Aontrama, Amharchlann Turasóireachta
3	3-4/02/'05	Údarás Réigiúnach an Mheán-Iarthair, Cur i bhFeidhm an Straitéis Náisiúnta Spásúil - Ról na n-Údarás Áitiúla
4	10-11/02/'05	Gníomhaireacht Fuinnimh Chontae Chorcaí, Freagrachtaí i leith Fuinnimh Áitiúil - In Am Athrú
5	11-12/02/'05	CUBE, Seimineár Bliantúil an Earraigh
6	17-18/02/'05	Ionad Liteartha agus Cúltúrtha Chiarraí, Buntáistí Eacnamúla agus Sóisialta le Forbairt Oidhreachta i mBailte Éireannacha
7	3-5/03/'05	GCCC, Comhdháil Bhliantúil 2005, Comhdháil Bhliantúil 2005
8	1/04/'05	CBUA - 22ú Comhdháil Bhliantúil, Comhdháil Bhliantúil 2005
9	14-15/04/'05	Comhairle Contae Chorcaí, Comhdháil Bhliantúil an Mhéara
10	21-22/04/'05	Stáisiún Mara Inis Arcáin, Truailliú Aeir
11	21-24/04/'05	Cumann Forbartha Newmarket, Ról Ionadaithe Poiblí maidir le Feasacht Polaitiúil a chur chun cinn i Scoileanna
12	22-23/04/'05	Kadenza Consultancies - Seimineáir Oiliúna do Chomhairleoirí, Seirbhís Tithíochta Áitiúil
13	4-7/05/'05	Lárionad Aitheantas Comshaoil Chiarraí, 14ú Chomhdháil Chomhshaoil Bhliantúil
14	19-20/05/'05	Tionól Réigiúnach an Oirthir agus an Deiscirt, 6ú Comhdháil Bhliantúil Thionóil Réigiúnaigh
15	19-20/05/'05	Comhairle Ceantair Uirbigh Chathair na Mart, Comhairle agus Pobal, An Dúshlán Amach Romhainn, Comhdháil Bhliantúil 2005
16	21/05/'05	EPN Communications, Seimineár faoi Scileanna sna Meáin do Chomhairleoirí
17	23/05/'05	Gníomhaireacht Combat, Dea-chleachtas sa chúram Custaiméara
18	7/06/'05	Fóram Comhshaoil Chorcaí, Glór na Todhchaí, Ról Clár Oibre/Gníomh 21 maidir le Dea-Chleachtas a Spreagadh.
19	21-22/06/'05	Fuinneamh Inmharthana Éireann, Feic an Solas 2005-Comhdháil Náisiúnta dhá lá faoi Ailtireacht Gréine agus faoi Fhuinneamh In-athnuaite i bhFoirgnimh.
20	23-24/06/'05	Confederation of European Councillors, Poitéinseal le hAghaidh Spóirt in Éirinn an Lae Inniu
21	30/06/'05	Comhdháil Atlantic Arc Cities, 6ú Tionól Ginearálta
22	15-17/07/'05	Comhairle Contae Ros Comáin, Comhdháil Dhubhghlas de hÍde 2005 - Tír na hÉireann
23	14-19/08/'05	Cumann Parnell, Scoil Samhraidh Parnell 2005. Na Teorainneacha a Shocrú, Éire ó na hImill
24	26-27/08/'05	Kadenza Consultancies - Seimineáir Oiliúna do Chomhairleoirí Rialtas Áitiúil agus na hEalaíona
25	9-11/09/'05	Cumann Náisiúnta Comhairleoirí, Comhdháil Náisiúnta na mBan, Ról na mBan a chur chun Cinn sa Rialtas Áitiúil
26	15/09/'05	Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge, Gnéithe Nua, Múnlaí Ardoideachais atá ag Teacht chun Cinn
27	15-17/09/'05	CUBE, Comhdháil Bhliantúil 2005
28	20-23/09/'05	Energy Services ltd., in éindí le Comhairle Contae Chorcaí, Cultúr Fuinneamh inmharthana a chur chun cinn san Eoraip
29	27-29/09/'05	Cumann na hÉireann ar son Tithíocht Sóisialta, Comhdháil 2005
30	30/9-2/10/'05	Coimisinéirí Baile na gCloch Liath, La Touche Legacy Committee Seimineár an Fhómhair
31	4/10/'05	Athbhreithniú ar an gComhphlean Bainistíochta Dramhaíola - Réigiún an Oirdheiscirt, Plean Molta 2005
32	7/10/'05	Cumann Réigiúin na hÉireann, 6ú Comhdháil Bhliantúil, Poitéinseal na Réigiún a dhéanamh Nithiúil
33	14/10/'05	Cumann na gComhairlí Contae agus Cathrach - Fóram do Mhéaraí & do Chathaoirleacha
34	3/11/'05	Seimineár Comhairle Gaeilge, Cur i bhFeidhm Acht na dTeangacha Oifigiúla sna hÚdaráis Áitiúla agus an Dáththeangachas Praiticiúil san Earnáil Stáit
35	4-5/11/'05	Cumann Baill Údaráis Áitiúil (CBUA), CBUA- Seimineár Bliantúil an Gheimhridh 2005
36	17-20/11/'05	Sail Training International, Comhdháil Rása na Long Airde 2005
37	18/11/'05	CGFE an Oirdheiscirt (Conaidhm Ghnolachtai agus Fhostoiri na hEireann), Tíogar Réigiúnach nó Tíogar Páipéir
38	25-26/11/'05	Comhdháil Chumann Turasóireachta an Chláir, 7ú Comhdháil Náisiúnta Déag - Suí Turasóireachta-Caighdeán nó Praghas